Trim
Gold Winner 2015

Entente Florale Europe





# Comhairle Chontae na Mí
# Tuarascáil Bhliantúil 2015




Navan 2015 purple flag

comhairle chontae na mí
*meath county council*

# Clár na nÁbhar


Daonlathas Áitiúil .... 7

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin .... 7

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Cheanannais .... 8

Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hInse-Bhaile an Bhiataigh .... 9

Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hUaimhe .... 10

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ráth Tó .... 12

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Bhaile Átha Troim .... 13

Na Seirbhísí Corparáide .... 14

2015 – Na hImeachtaí Buaicphointe i gCo. Na Mí .... 15

Gradaim Chathrach .... 16

Cumarsáide agus na Meáin .... 19

Seirbhís do Chustaiméirí .... 19

Na Deontais Ardoideachais .... 20

Clár na dToghthóirí .... 21

Clár na dToghthóirí 2015/2016 .... 21

Na Reifrinn 2015 .... 21

Torthaí .... 21

Sábháilteacht, Sláinte agus Bainistíocht Riosca .... 22

Comhpháirtíocht sa Láthair Oibre .... 23

Na Córais Faisnéise .... 23

Acmhainní Daonna .... 24

Pleanáil agus Iompar Straitéiseach .... 25

Pleanáil Chun Cinn agus Forbairt Gheilleagrach .... 25

Bainistíocht Forbartha .... 25

Na Saoráidí Scoile .... 26

Na Saoráidí Spóirt nó Pobail ........ 26
Na Forbairtí Tithíochta ........ 26
Na Saoráidí Cúram Leanaí & Altranais ........ 26
Na Saoráidí Fuinnimh/Tionsclaíocha/Tráchtála ........ 26
Forbairt Bhonneagair Straitéisigh ........ 27
An Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha ........ 28
Na Rialacháin Phleanála á gCur i bhFeidhm ........ 28
Na Rialacháin Foirgníochta ........ 28
Forbairt Gheilleagrach agus Fiontar ........ 28
Margaíocht/Cumarsáid ........ 30
Na Deiseanna Fostaíochta ........ 31
Na hImeachtaí Gnó a Óstáladh ........ 31
Líonraí Gnó a Chruthú chun Tacú le Poist ........ 31
Na Tionscnaimh Nua ........ 31
An Oifig Fiontair Áitiúil ........ 31
Na Cláir Oiliúna ........ 31
Imeachtaí, Seimineáir agus Clinicí. ........ 32
Turasóireacht ........ 34
Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2016-2020 ........ 34
Margaíocht agus Cur Chun Cinn ........ 35
Comhdháil Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2015 ........ 36
An Oidhreacht ........ 37
Plean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020 ........ 37
Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae na Mí 2015-2020 ........ 37
Tionscadail Phleananna Oidhreachta an Chontae 2015 ........ 38
Ceardlanna/Páipéir/Comhdháil Iarrtha in 2015 ........ 39
Tithíocht ........ 39

Caipiteal Tithíochta ........ 39
Na Leithdháiltí Tithíochta ........ 40
Na Deontais Tithíochta ........ 40
Na Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean ........ 40
Cóiríocht do Thaistealaithe ........ 40
An tIonad Aontachta, Baile na Gaoithe, An Uaimh ........ 41
Idirchaidreamh Tionónta ........ 41
An Roinn Pobail ........ 41
An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil ........ 41
An Plean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil (LECP) 2016-2021 ........ 41
Cuimsiú Sóisialta ........ 41
An Clár Leader 2014-2020 ........ 42
Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN) ........ 43
Tionscnamh Aoisbhá na Mí ........ 43
Comhairle na nÓg/Dáil na nÓg ........ 44
An Comhchoiste Póilíneachta (JPC) ........ 45
Na Tionscnaimh Phobail – Mórtas Áite ........ 45
An Scéim Deontais Pobail 2015 ........ 46
Scéim Deontais Pobail Bhaile Chearráin ........ 46
Scéim Deontais *Knockharley* ........ 46
Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil na Mí ........ 47
Clár na hOifige Ealaíon ........ 49
Na Seirbhísí Leabharlainne ........ 52
Iompar agus Sábháilteacht Bóthair ........ 53
An Scéim Náisiúnta Bóthair Tánaistigh ........ 53
An Líonra Bóthair Nach Bóithre Náisiúnta ........ 54
Na Scéimeanna Iompair Inbhuanaithe ........ 54

Seirbhísí Eile ..... 55
Seirbhísí Timpeallachta, Dóiteáin agus Éigeandála ..... 56
Oideachas agus Feasacht Timpeallachta ..... 56
An Plean Bainistíochta Bruscair 2015-2017 ..... 56
An Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola ..... 56
An tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 ..... 57
Bunú na nÚdarás Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola ..... 57
Na Rialacháin Dramhaíola Bia Teaghlaigh 2013 ..... 57
An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 ..... 57
Bainistíocht Ceantair Abhantraí ..... 57
An Treoir maidir le Tuilte ..... 58
Forbairtí eile a bhain leis an Timpeallacht le linn 2015 ..... 58
An tSeirbhís Dóiteáin ..... 58
An Plean Oibríochtaí ..... 59
Oiliúint Seirbhíse Dóiteáin ..... 59
Cosc Dóiteáin agus Sábháilteacht Dóiteáin Phobail ..... 60
Oibríochtaí Dóiteáin ..... 60
Cosaint Shibhialta ..... 60
Na Seirbhísí Uisce ..... 62
Plean Bliantúil Seirbhíse Uisce Éireann/Chomhairle Chontae na Mí (ASP) 2015 ..... 62
An Plean Corparáide 2015-2019 – Cuspóirí Straitéiseacha & Straitéisí Tacaíochta ..... 64
Aguisín 4 – Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí ..... 65
Aguisín 7 – Cruinnithe na Comhairle - 2015 ..... 66
Aguisín 8 – Ráiteas Bliantúil Airgeadais ..... 67

# Réamhrá





Brian Fitzgerald
Cathaoirleach

Jackie Maguire
Príomhfheidhmeannach

Táimid an-sásta an Tuarascáil Bhliantúil seo do Chomhairle Chontae na Mí a chur i láthair, ina ndéantar na gníomhaíochtaí agus an méid ar éirigh leis an gComhairle a bhaint amach in 2015 a léiriú.

Lean an earnáil Rialtais Áitiúil ar aghaidh le clár suntasach leasaithe agus nuachóirithe agus i gComhairle Chontae na Mí, rinneamar na príomhghnéithe de bheartas an Rialtais 'Tús Áite do na Daoine' agus na príomhghnéithe gaolmhara den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, a chur i bhfeidhm go gníomhach. Tá an Chomhairle ag déanamh athstruchtúrú ar an eagraíocht go leanúnach chun na hathruithe a leagtar síos thuas a léiriú agus chun seirbhís níos fearr a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Rinneadh múnla nua seirbhísí custaiméara a chur i bhfeidhm in 2015, chun soláthar cúraim custaiméara ar ardchaighdeán a chinntiú ar fud na heagraíochta. Déanann ár bhFoireann Seirbhísí Custaiméara cúnamh agus eolas a chur ar fáil ar an gcéad teagmháil leis an gcustaiméir, agus déileálann na ranna seirbhíse le hábhair atá níos mionsonraithe. Tá an múnla bunaithe ar dhea-chumarsáid, dhea-nósanna imeachta maidir le seirbhísí custaiméara agus ar chóras nua IT do sheirbhísí custaiméara.

Nach mór €98m a bhí an buiséad a glacadh leis in 2015, agus le sé bliana as a chéile níor tháinig aon athrú ar na rátaí tráchtála sa chontae, a bhí mar dhea-scéal don phobal gnó. Rinneadh Straitéis Gheilleagrach don chontae a sheoladh go foirmiúil i mí an Mheithimh, ina gcuirtear fís in iúl sa straitéis i dtaobh fhorbairt inbhuanaithe an chontae agus ina ndéantar sprioc a leagan síos i dtaca le 7,500 post breise a chruthú i gContae na Mí faoi 2022. Is í aidhm fhoriomlán na straitéise a bheith réamhghníomhach, tacú le gnóthaí agus le custaiméirí agus comhoibriú le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go mbeidh Contae na Mí i lár an aonaigh chomh fada is a bhaineann le cinntí infheistíochta.

Cuireadh fáilte mhór roimh na poist a fógraíodh sa chontae le linn 2015. Ba spreagadh mór a bhí sa chinneadh a rinne *Facebook* i dtaobh infheistiú a dhéanamh i gContae na Mí, agus i mí Iúil thug an Chomhairle cead pleanála don chomhlacht, ionad sonraí €200 milliún a thógáil cóngarach do Chluain Aodh. Bhí an fógra i dtaobh an 80 post nua a chruthófar trí sheoladh Dhrioglann *Boann* agus Teach Grúdaireachta na Bóinne, ina fhorbairt dhearfach eile.

In 2015, chuir an Chomhairle fáilte mhór roimh ainmníocht Cheanannais faoin Léarscáil Réigiúnach Náisiúnta um Chúnamh Stáit, 2014-2020, ina ndéantar deiseanna cúnaimh a chur ar fáil d'fhiontair ar gach méid i dtaobh gníomhaíochtaí geilleagracha, leataí ina n-áirítear táirgí nó seirbhísí nua agus nuálaíocht táirge.

Mar chruthúnas ar an gcaighdeán maireachtála a bhí á thairiscint le linn samhradh na bliana 2015, áiríodh fás an chláir fhorleathain imeachtaí le linn Sraith Bhia Ghleann na Bóinne, oscailt an rollchóstóra adhmaid is mó san Eoraip ag Páirc *Tayto,* atá ar cheann de na 10 ní is díol spéise do chuairteoirí de chuid Fáilte Éireann, is mó a bhfuil tarraingt air sa tír, agus oscailt Ionad Daorchluiche Idirnáisiúnta Chill Dhéagláin. Rinneadh Brú na Bóinne, láithreán oidhreachta domhanda UNESCO na Mí, a áireamh chomh maith mar cheann de na radhairc is iontaí riamh le *Lonely Planet.*

Bronnadh bonn óir ar bhaile oidhreachta Bhaile Átha Troim, sa chomórtas urramach Eorpach *Entente Florale,* ag cur leis an liosta gradam a bronnadh ar an mbaile thar na blianta. Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an baile a ainmniú mar iontrálaí amháin den dá iontrálaí Éireannacha sa chomórtas Eorpach, tar éis don bhaile an bonn óir a bhaint amach i gcomórtas náisiúnta na mbailte slachtmhara.

Bhí gradam na Brataí Corcra do bhaile na hUaimhe ina bhuaicphointe eile in 2015. Tríd an gradam sin a bhaint amach, aithnítear An Uaimh anois mar bhaile ina ndéantar meascán fuinniúil siamsaíochta a chur ar fáil agus ina ndéantar sábháilteacht agus folláine a chuairteoirí agus a chónaitheoirí áitiúla a chur chun cinn.

Bhíomar thar a bheith sásta Elysha Brennan a fháiltiú abhaile chuig a contae dúchais i mí Lúnasa, tar éis di an comórtas Idirnáisiúnta *Rose of Tralee 2015,* a bhuachan. Ní amháin gurbh í Elysha an chéad bhuaiteoir Éireannach le seacht mbliana anuas ach ba í an chéad bhuaiteoir as Contae na Mí ar an gcomórtas chomh maith.

Rinne na tionscnaimh bhliantúla Mórtais Ceantair tacaíocht a thabhairt do na grúpaí pobail ar fad a thug a gcuid ama chun áiteanna taitneamhacha a dhéanamh de bhailte, shráidbhailte agus scoileanna an chontae do mhuintir Chontae na Mí. Glacaimid buíochas leis na heagraíochtaí pobail agus deonacha, go leor a oibríonn ar mhaithe le Contae na Mí a fheabhsú. Glacaimid buíochas lenár gComhairleoirí, Cathaoirligh agus Comhaltaí na gCoistí Beartais Straitéisigh agus leis an bhFoireann Bainistíochta agus a Lucht Saothair as a gcomhoibriú, de bhrí nach bhféadfaí an méid a baineadh amach agus a léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i gcrích gan a gcuid tacaíochta agus tiomantais.

# Daonlathas Áitiúil

## Comhairleoirí Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Bonner | Joe | Neamh-Pháirtí | Bóthar Bhaile an Mhuilinn, Domhnach Mór, Cill Dhéagláin, Co. na Mí<br>Rphost: joe.bonner@members.meathcoco.ie | 087-9749563 |
|  | Jamal | Suzanne | Fine Gael | "Rahmait", Baile an Phléimeannaigh, Baile an Rátha, Co. na Mí<br>Rphost: suzanne.jamal@members.meathcoco.ie | 087-7971297 |
|  | O'Driscoll | Claire Dr. | Fianna Fáil | Baile an Cheantaigh, An Uaimh, Co. na Mi<br>Rphost: claire.odriscoll@members.meathcoco.ie | 086-1545389 |
|  | O'Rourke | Darren | Sinn Féin | *11 Hunter's Court*, Cill Dhéagláin, Co. na Mí<br>Rphost: darren.orourke@members.meathcoco.ie | 087-4119654 |
|  | Smith | Seán | Fianna Fáil | An Baile Trasna, Cill Dhéagláin, Co. na Mí<br>Rphost: sean.smith@members.meathcoco.ie | 085-8203065 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Tobin | Alan | Fine Gael | 9 Radharc an Iarthair, Cill Dhéagláin, Co. na Mí<br>Rphost:<br>alan.tobin@members.meathcoco.ie | 087-6117669 |

## Comhairleoirí Cheantar Bardasach Cheanannais

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Cassidy | Eugene | Fine Gael | *Possextown*, An Obair, Co. na Mí<br>Rphost:<br>eugene.cassidy@members.meathcoco.ie | 086-3717686 |
|  | Drew | Sean | Fianna Fáil | 8 Corrán Cheanannais, Ceanannas, Co. na Mí<br>Rphost:<br>sean.drew@members.meathcoco.ie | 087-4121803 |
|  | Gallagher | Michael | Sinn Féin | Droim Conrach, An Uaimh, Co. na Mí<br>Rphost:<br>michael.gallagher@members.meathcoco.ie | 087-9478222 |
|  | Gilroy | David | Neamh-Pháirtí | An tSráid Mhór, Baile Átha Buí, Co. na Mí<br>Rphost:<br>david.gilroy@members.meathcoco.ie | 087-4172136 |
|  | Guirke | Johnny | Sinn Féin | *Loughbawn*, *Dromone*, An Seanchaisleán, Co. na Mí<br>Rphost:<br>johnny.guirke@members.meathcoco.ie | 087-1239670 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Reilly | Bryan | Fianna Fáil | Bóthar Ghort na Carraige, Ceanannas, Co. na Mí<br>Rphost:<br>bryan.reilly@members.meathcoco.ie | 086-2599184<br><br>046-9240122 |
|  | Reilly | Sarah | Fine Gael | *36 Bective Place*, Ceanannas, Co. na Mí<br>Rphost:<br>sarah.reilly@members.meathcoco.ie | 086-4085679 |


## Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hInse-Bhaile an Bhiataigh

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Ferguson | Eimear | Sinn Féin | *Beabeg*, Baile Iúiliáin, Co. na Mí<br>Rphost:<br>eimear.ferguson@members.meathcoco.ie | 089-4511757 |
|  | Harding | Wayne | Fianna Fáil | *Rathmaiden*, Baile Shláine, Co. na Mí<br>Rphost:<br>wayne.harding@members.meathcoco.ie | 087-7446730 |
|  | Kelly | Tom | Neamh-Pháirtí | *Uimaine*, Bóthar na Trá, An Inse, Co. na Mí<br>Rphost:<br>tom.kelly@members.meathcoco.ie | 086-3817700 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Keogan | Sharon | Neamh-Pháirtí | An tSráid Mhór, Damhliag, Co. na Mí<br>Rphost:<br>sharon.Keogan@members.meathcoco.ie | 087-6773800 |
|  | McKee | Stephen | Fianna Fáil | *46 Park Woods*, Rath na Gráinsí, Colpa, Co. na Mí<br>Rphost:<br>stephen.mckee@members.meathcoco.ie | 086-0432760 |
|  | Meade | Paddy | Fine Gael | *Rathbran Church*, Baile Lóibín, An Uaimh, Co. na Mí<br>Rphost:<br>paddy.meade@members.meathcoco.ie | 087-6495907 |
|  | Tolan | Sharon | Fine Gael | *132 Betaghstown Wood*, Baile an Bhiataigh, Co. na Mí<br>Rphost:<br>sharon.tolan@members.meathcoco.ie | 086-3669852 |

# Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hUaimhe

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Burke | Sinead | Sinn Féin | *Graigs Lane*, Dún Mó, An Uaimh, Co. na Mí<br>Rphost:<br>sinead.burke@members.meathcoco.ie | 087-3124200 |
|  | Cassells | Shane | Fianna Fáil | *52 Oakleigh*, An Uaimh, Co. na Mí<br>Rphost:<br>shane.cassells@members.meathcoco.ie | 086-3399198 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Deane | Francis | Neamh-Pháirtí | *5 Blackwater Drive*, An Uaimh, Co. na Mí<br>Rphost:<br>francis.deane@members.meathcoco.ie | 086-1234856<br><br>046-9023696 |
|  | Forde | Wayne | Neamh-Pháirtí | 64 Páirc Parnell, An Uaimh, Co. na Mí<br>Rphost:<br>wayne.forde@members.meathcoco.ie | 086-3845807 |
|  | Holloway | Jim | Fine Gael | Bóthar na Bóinne, Baile Fargáin,<br>An Uaimh, Co. na Mí<br>Rphost:<br>jim.holloway@members.meathcoco.ie | 086-2355236 |
|  | Reilly | Joe | Sinn Féin | *Faughan Hill*, An Bóthar Mín, An Uaimh, Co. na Mí<br>Rphost:<br>joe.reilly@members.meathcoco.ie | 087-2478508 |
|  | Reilly | Tommy | Fianna Fáil | Ard Salach, An Uaimh, Co. na Mí<br>Rphost:<br>tommy.reilly@members.meathcoco.ie | 087-7450149 |

# Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ráth Tó

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Fitzgerald | Brian | Neamh-Pháirtí | Baile an Bhairínigh, Cill Choca, Co. na Mí<br>Rphost:<br>brian.fitzgerald@members.meathcoco.ie | 01-8251847<br><br>087-2508247 |
|  | Killian | Nick | Neamh-Pháirtí | Ráth Tó, Co. na Mí<br>Rphost:<br>nick.kllian@members.meathcoco.ie | 087-2596753<br><br>01-8355435 |
|  | Murphy | Maria | Fine Gael | 3 An Clós, *Lutterell Hall*,<br>Dún Búinne, Co. na Mí<br>Rphost:<br>maria.murphy@members.meathcoco.ie | 087-6579895 |
|  | O'Connor | Gerry | Fine Gael | 23 Na Dúnta, Dún Seachlainn, Co. na Mí<br>Rphost:<br>gerry.oconnor@members.meathcoco.ie | 087-2838311 |
|  | O'Kane | Maria | Sinn Féin | *Skryne Road*, *Scalestown*, Dún Seachlainn, Co. na Mí<br>Rphost:<br>maria.okane@members.meathcoco.ie | 086-3306311 |
|  | O'Reilly | Damien | Fianna Fáil | *2 Oakridge Crescent*, Dún Búinne, Co. na Mí<br>Rphost:<br>damien.oreilly@members.meathcoco.ie | 086-8722645 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Toole | Gillian | Fine Gael | *Curkeen*, Ráth Tó, Co. na Mí<br>Rphost:<br>gillian.toole@members.meathcoco.ie | 086-0891221 |

# Comhairleoirí Cheantar Bardasach Bhaile Átha Troim

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Flynn | Enda | Fine Gael | *43 New Inn*, An Bóthar Buí, Co. na Mí<br>Rphost:<br>enda.flynn@members.meathcoco.ie | 086-8153595 |
|  | Fox | Joe | Fine Gael | *Clondoogan*, Cnoc an Línsigh, Co. na Mí<br>Rphost:<br>joe.fox@members.meathcoco.ie | 087-2631318 |
|  | French | Noel | Fine Gael | 10 Bóthar Cheanannais, Baile Átha Troim, Co. na Mí<br>Rphost:<br>noel.french@members.meathcoco.ie | 086-8053293 |
|  | Golden | Trevor | Neamh-Pháirtí | Lána an Teampaill, Baile Átha Troim, Co. na Mí<br>Rphost:<br>trevor.golden@members.meathcoco.ie | 086-4008007 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Lynch | Caroline | Sinn Féin | Ráth Chairn, Baile Átha Buí, Co. na Mí<br>Rphost: caroline.lynch@members.meathcoco.ie | 086-8541199 |
|  | McKenna | Ronan | Fianna Fáil | 6 *Lackanash*, Baile Átha Troim, Co. na Mí<br>Rphost: ronan.mckenna@members.meathcoco.ie | 087-2901450 |

# Na Seirbhísí Corparáide

Tá an Roinn Seirbhísí Corparáide ag baint úsáid níos fearr as a cuid acmhainní agus á bhfeabhsú ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go ndéanfar seirbhísí agus eolas atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil do shaoránaigh an Chontae agus do na Comhairleoirí tofa.

Déanann na Seirbhísí Corparáide caidreamh a chothú agus tacaíocht a chur ar fáil do Ranna na Comhairle ar fad, ina bhfuiltear freagrach as cumarsáidí, cúram custaiméara, clár na dtoghthóirí agus deontais ardoideachais. Luaitear gníomhaíochtaí na Roinne Seirbhísí Corparáide in 2015 mar a leanas inar áiríodh:

- Éascú ar Chomhairleoirí i ndáil lena róil dhaonlathacha sa Chomhairle fhoirfe agus trí struchtúr an Cheantair Bhardasaigh.
- Plean Corparáide nua 2015-2019, a fhorbairt agus a fhoilsiú.
- Comhoibriú leis an roinn IT chun na córais a raibh gá leo do sheirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí go lárnach agus ag na hoifigí sibhialta sna Ceantair Bhardasacha araon, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim Vótála reatha trí phróiseas comhairliúcháin leis an bpobal agus leis na Comhairleoirí. Glacadh leis an Scéim Vótála i nDeireadh Fómhair agus tiocfaidh an scéim i bhfeidhm i bhFeabhra na bliana 2016.
- Rinneadh Ciste Lánroghnach na gComhaltaí Ceantair Bhardasaigh a riar.
- Rinneadh éascú ar fhorbairt an Phlean Seachadta Seirbhíse 2015.
- Rinneadh éascú ar thorthaí na dtáscairí náisiúnta feidhmíochta.
- Rinneadh éascú ar chur i bhfeidhm Bheartas Bhainistíocht Riosca na Comhairle.

- Rinneadh forálacha Chairt Chustaiméara na Comhairle a chur i bhfeidhm chun seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí agus rinneadh caidrimh lenár bpobal a fhorbairt chun feasacht i leith seirbhísí agus oibriúchán a ardú.

- Cothaíodh caidreamh leis na meáin shóisialta áitiúla agus náisiúnta chun eolas a chur ar fáil agus obair na Comhairle agus a cion tairbhe do shaol an chontae a chur chun cinn.

- Rinneadh forálacha reachtúla na Saorála Faisnéise, Cosanta Sonraí, Ombudsman agus Acht na dTeangacha Oifigiúla a riar, de réir mar a bhain leis an údarás áitiúil.

- Rinneadh forálacha an Chreata Eiticiúil don tSeirbhís Rialtais Áitiúil a chur i bhfeidhm de réir mar a bhain leis na Comhairleoirí agus an fhoireann.

- Rinneadh cultúr sábháilteachta sláinte, leasa shóisialaigh, oideachais agus oiliúna a chur chun cinn san ionad oibre, trí chlár sláinte agus sábháilteachta a bhí deartha chun riachtanais shonracha na foirne a chomhlíonadh.

# 2015 – Na hImeachtaí Buaicphointe i gCo. Na Mí

## Seoladh na Straitéise Geilleagraí

Rinneadh Straitéis Gheilleagrach don chontae a sheoladh go foirmiúil i mí an Mheithimh, ina ndéantar fís i dtaobh forbairt gheilleagrach inbhuanaithe an chontae a chur in iúl, agus ina leagtar síos sprioc i leith 7,500 post nua a chruthú i gCo. Na Mí faoi 2022. Is í aidhm fhoriomlán na Straitéise a bheith réamhghníomhach, oibriú ar son gnó agus ar son an chustaiméara agus comhoibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad chun a chinntiú go mbeidh Co. na Mí i lár an aonaigh chomh fada is a bhainfidh le cinntí infheistíochta. Tá ocht ngníomhaíocht spriocdhírithe sa straitéis ina n-áirítear rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach feabhsaithe, ailíniú na straitéise le cuspóirí pleanála spáis, feachtas margaíochta agus poiblíochta a fhorbairt agus dreasachtaí airgeadais a thabhairt isteach chun tacú le forbairt. Léiríodh dul chun cinn faoi na ceannteidil sin ar fad agus tá ardú suntasach tagtha ar líon na bhfiosrúchán agus na n-iarratas nua ó rinneadh an straitéis a sheoladh.

## An Uaimh - An Baile is Déanaí ar Bronnadh Ghradam na BRATAÍ CORCRA air

D'éirigh leis an Uaimh stádas onórach na Bratаí Corcra a bhaint amach i Meán Fómhair 2015, as ucht cúrsaí geilleagair oíche agus tráthnóna an bhaile. Is gradam do chroílár baile agus cathrach í an Bhratach Chorcra, atá i gcosúlacht leis an mBratach Ghorm a bhronntar ar thránna na tíre, ina bhfuil mar aidhm leis caighdeán agus mealltacht chroílár na mbailte agus na gcathrach a ardú idir na huaireanta 18:00 agus 5:00. Faigheann na bailte a mbronntar an Bhratach Chorcra orthu aitheantas as meascán fuinniúil siamsaíochta a chur ar fáil, fad a dhéantar sábháilteacht agus folláine na gcuairteoirí agus na gcónaitheoirí áitiúla a chur chun cinn. Bronnadh creidiúnú na Brataí Corcra ar bhaile na hUaimhe as líon tionscnamh tábhachtach a léiriú ar mhaithe le feasacht

a chruthú agus as an méid atá ag an mbaile le tairiscint don phobal ón 6 a chlog tráthnóna go dtí an 5 ar maidin a chur chun cinn.  Is aitheantas ar an iarracht mhór é an gradam thar ceann Chomhlachas Tráchtála na hUaimhe, Chomhairle Chontae na Mí, na hearnála Corparáide/Gnó, an phobail agus na meán.

### Entente Florale 2015

Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, Baile Átha Troim, atá ar cheann de na bailte oidhreachta is cáiliúla in Éirinn, a ainmniú mar iontrálaí amháin den dá iontrálaí Éireannacha sa chomórtas Entente Florale, tar éis do Bhaile Átha Troim an bonn óir a bhuachan ag Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2014.  Ba é sin an dara huair a rinneadh an baile a ainmniú chun páirt a ghlacadh sa chomórtas.  Bronnadh bonn óir ar an mbaile ag searmanas bliantúil na ngradam in Bristol i mí na Samhna, a bhí mar chúis áthais dóibhsean ar fad a bhí páirteach sa togra.

Tá mar aidhm le comórtas Entente Florale, na nithe a leanas a chur chun cinn:

Bailte agus sráidbhailte ar fud na hEorpa a ghlasú, trí bhláthanna, toir, spásanna glasa agus páirceanna;

forbairt íogair timpeallachta agus éiceolaíochta;

tionscnaimh oideachasúla agus chumarsáide ina ndéantar feasacht timpeallachta a ardú.

### An gradam Idirnáisiúnta *Rose of Tralee* bronnta ar bhean as Co. na Mí

Bronnadh an gradam Idirnáisiúnta *Rose of Tralee* ar Elysha Brennan, arbh ó Chontae na Mí ó dhúchas di, i mí Lúnasa 2015.  Ní amháin gurbh í Elysha an chéad bhuaiteoir Éireannach ar an gcomórtas le seacht mbliana anuas ach, tá sí ar an gcéad bhuaiteoir riamh as Contae na Mí agus ar an gcéad *Rose* riamh as Contae na Mí a chuaigh chomh fada le babhta ceannais an chomórtais a reáchtáladh in ionad an *Dome* i dTrá Lí.  Bhí slua mór i láthair san Uaimh chun ceiliúradh agus fáilte abhaile a chur roimh an *Rose* nua.  Ina measc siúd a bhí i láthair chun fáilte abhaile a chur roimh Elysha, bhí an Cathaoirleach, an Comhairleoir Brian Fitzgerald, Méara na hUaimhe, an Comhairleoir Joe Reilly agus an Comhairleoir Paddy Meade, Cathaoirleach Cheantar Bardasach na hInse, Bhaile an Bhiataigh

I mí na Samhna, reáchtáladh fáiltiú foirmiúil in onóir Elysha, agus bhí an Cathaoirleach, Comhairleoirí, clann, cairde agus ionadaithe ó choiste chomórtas Idirnáisiúnta *Rose of Tralee* i láthair ar an oíche.

## Gradaim Chathrach

In 2015, rinneadh fáiltithe cathrach a eagrú chun aitheantas a thabhairt do na héachtaí móra a rinne daoine i gContae na Mí, inar áiríodh:

- Elysha Brennan as an gcomórtas Idirnáisiúnta *Rose of Tralee* a bhuachan.

- Na lúthchleasaithe Oilimpeacha Speisialta Rosemary O'Reilly as Teamhair, Liam Foley as Cnoc an Dúin agus Francis Power as an Uaimh, as chomh maith ar éirigh leo ag an gComórtas Domhanda Samhraidh in Los Angeles.

- Na buaiteoirí boinn ó Chumann Liathróid Láimhe Cheanannais as a gcuid ratha ag Craobhchomórtais an Domhain in Calgary.

- Ceolchumann Bhaile Átha Troim as gradam an Cheolchumainn is fearr in Éirinn a bhuachan.

- Foireann Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí as a gcuid rannpháirtíochta rathúla ag Dúshlán Tarrthála *Holmatro,* inar éirigh leo an chéad duais agus luach €20k de threalamh tarrthála *Holmatro* a bhuachan. Ba í foireann na Mí buaiteoir chomórtas an Cheannasaí Eachtraí ab fhearr agus buaiteoir na gcatagóirí Foirne Teicniúla ab fhearr.








Congratulations Elysha Brennan







# Cumarsáide agus na Meáin

Tá ról tábhachtach ag an Roinn Seirbhísí Corparáide maidir lena chinntiú go ndéanfar faisnéis iomchuí, chruinn agus thráthúil a chur ar fáil don phobal, do chomhaltaí tofa agus d'fhoireann na comhairle. Úsáidtear réimse cainéal cumarsáide chun a chinntiú go mbíonn faisnéis inrochtana agus ar fáil go forleathan.

Tugann na meáin shóisialta deiseanna don Chomhairle faisnéis a chur in iúl i bhformáid nach bhfuil chomh seanbhunaithe céanna leis na gnáthbhealaí cumarsáide. In 2015, lean an Chomhairle ar aghaidh lena cumarsáidí meáin shóisialta a fhorbairt chun faisnéis, foláirimh Chomhairle, imeachtaí atá ag teacht aníos nó fógraí poiblí a chraobhscaoileadh ar an lucht éisteachta is forleithne is féidir. Ag deireadh na bliana 2015, bhí na huimhreacha a leanas ag Comhairle Chontae na Mí, i ndáil le leantóirí meáin shóisialta: *Facebook:* 1,406; *Linkedin:* 1,148; *Twitter:* 4,837.

Reáchtáladh *Twitter - #OurCouncilDay* an 5 Márta 2015: Bhí mar aidhm leis rannpháirtíocht leis an bpobal agus feasacht i leith na seirbhísí a chuirimid ar fáil a ardú, inar léiríodh an taobh daonna de na seirbhísí sin ar bhealach faisnéiseach, intuigthe. D'éirigh thar barr leis an togra, chonaic an pobal na giolcacha 30,589 n-uaire ar an lá. Tugadh 1,548,744 chuairt ar an suíomh www.meath.ie le linn 2015.

# Seirbhís do Chustaiméirí

Trína Plean Seirbhíse do Chustaiméirí, tá Comhairle Chontae na Mí tiomanta don chúram is fearr is féidir a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Thar aon ní eile, bíonn an pobal ag súil le cúirtéis, íogaireacht agus le freagra uathúil ar a gcuid riachtanas agus ag súil leis an méid is lú moill agus iad ag déanamh teagmháil lena gComhairle Contae, agus tá na nithe sin ar fad dlite dóibh chomh maith. Creidimid go bhfuil rogha ina ghné riachtanach chun seirbhís atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh Comhairle Chontae na Mí, a mhéid is féidir, éascú ar na bealaí is fearr leis na daoine a úsáid chun seirbhísí a aimsiú. B'fhéidir nach bhfuil ar ár gcumas gach duine a shásamh ach, caithfimid leis na daoine ar bhealach gairmiúil agus measúil agus muid sásta inár n-intinn féin go ndearamar ár ndícheall.

Cuireadh múnla nua seirbhíse custaiméara i bhfeidhm in 2015, d'fhonn forálacha Chairt Chustaiméara na Comhairle a chur i bhfeidhm agus chun soláthar cúraim custaiméara ar ardchaighdeán a chinntiú ar fud na heagraíochta. Déanann an Fhoireann Seirbhíse Custaiméara nuabhunaithe cúnamh agus eolas a chur ar fáil i dtaobh na gceisteanna a fhaightear ag an gcéad phointe teagmhála leis an gcustaiméir, agus déileálann na ranna seirbhíse le ceisteanna agus le cúrsaí atá níos mionsonraithe. Tá an múnla bunaithe ar dhea-chumarsáidí, ar dhea-nósanna imeachta maidir le seirbhísí do chustaiméirí agus ar chóras nua IT do sheirbhísí custaiméara. Cuireadh tús le nós imeachta nua i Meán Fómhair 2015, i leith saincheisteanna a phróiseáil agus a fhreagairt, a rinne Comhairleoirí agus Comhaltaí an Oireachtais a tharraingt anuas d'fhonn caighdeán an phróisis sin a fheabhsú.

# Saoráil Faisnéise

Féachann Comhairle Chontae na Mí lena chinntiú ar bhonn leanúnach, go mbeidh fáil ar fhaisnéis ag gach duine a mbeidh suim chuí acu an fhaisnéis sin a aimsiú tríd an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (FOI).

Is iad na taifid sin nach bhfuil ar fáil cheana faoi reachtaíocht mhalairte agus a bhaineann le taifid na n-údarás áitiúil ar fad a cruthaíodh tar éis an 21 Deireadh Fómhair 1998, iad na taifid a chuirtear ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

Is iad seo leanas na staitisticí do 2015 a bhaineann le hiarratais ar Shaoráil Faisnéise:

| | |
|---|---|
| Na hIarratais a Fuarthas. | 122 |
| A tugadh ar aghaidh ó 2014. | 05 |
| **Iomlán** | **127** |
| An líon iarratas a Deonaíodh/a Deonaíodh i bPáirt. | 86 |
| An líon iarratas nár Deonaíodh. | 20 |
| Na hIarratais a Aistríodh. | 00 |
| A tarraingíodh siar nó ar déileáladh leo ar bhealach eile seachas an FOI. | 15 |
| Cásanna nach raibh fós tugtha chun críche ag deireadh na bliana 2015. | 06 |
| An líon Athbhreithnithe Inmheánacha. | 04 |
| An líon achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise. | 02 |

# Na Deontais Ardoideachais

Déantar na hiarratais ar dheontas mac léinn ar fad a phróiseáil tríd an Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI), a bunaíodh in 2012, agus a oibríonn Coiste Gairmoideachais (VEC) Chathair Bhaile Átha Cliath. Leanfaidh Comhairle Chontae na Mí ar aghaidh le hiarratais athnuachana a phróiseáil do mhic léinn a ndearnadh deontais a bhronnadh orthu cheana agus a bheidh i bhfeidhm go dtí go dtabharfar na cúrsaí sin chun críche.

Cuireadh isteach 26 iarratas athnuachana ar mhaoiniú ina iomláine faoin Scéim Deontais Mac Léinn don bhliain acadúil 2015/2016.

# Clár na dToghthóirí

## Clár na dToghthóirí 2015/2016

Foilsíodh Clár na dToghthóirí i bhFeabhra 2015, inar léiríodh an daonra vótála mar a leanas:

| | |
|---|---|
| **Toghthóirí Dála** | **134,941** |
| **Toghthóirí Uachtaránachta** | **133,378** |
| **Toghthóirí Eorpacha** | **136,927** |
| **Toghthóirí Áitiúla** | **139,185** |
| **Vótálaithe Poist** | **387** |

Tugtar miondealú ar na Toghthóirí Áitiúla de réir Toghcheantar Áitiúil mar a leanas:

| | |
|---|---|
| **Cill Dhéagláin:** | **19,757** |
| **Ceanannas:** | **25,463** |
| **An Inse/Baile an Bhiataigh:** | **23,012** |
| **An Uaimh:** | **21,775** |
| **Ráth Tó:** | **24,466** |
| **Baile Átha Troim:** | **24,712** |


# Na Reifrinn 2015

Reáchtáladh dhá Reifreann ar an Aoine an 22 Bealtaine, 2015.


- An Bille um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Comhionannas Pósta), 2015, agus
- An Bille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Aois Intofachta chuig Oifig an Uachtaráin), 2015, a reáchtáladh Dé hAoine an 22 Bealtaine, 2015.

### Torthaí


An toradh do thoghcheantar '**Iarthar na Mí'** ar an mBille um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (**Comhionannas Pósta**), 2015.





An toradh do thoghcheantar ‘**Oirthear na Mí’** ar an mBille um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (**Comhionannas Pósta**), 2015.




An toradh do thoghcheantar **‘Iarthar na Mí’** ar an mBille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (**Aois Iontaofachta chuig Oifig an Uachtaráin**), 2015.




An toradh do thoghcheantar **‘Oirthear na Mí’** ar an mBille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (**Aois Intofachta chuig Oifig an Uachtaráin**), 2015.




# Sábháilteacht, Sláinte agus Bainistíocht Riosca

In 2015, leanadh ar aghaidh leis an gCóras Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a leasú de réir mar a bhí ga leis. Rinneadh an SMS Corparáide ina iomláine a leathnú amach ar na fostaithe ar fad agus táthar ag dul chun cinn lena chur i bhfeidhm ar fud gach ceann de na Ranna.

- Cuireadh cúnamh ar fáil do na Ranna ar bhonn leanúnach, i leith measúnuithe riosca a athbhreithniú agus a fhorbairt i gcásanna ar leith.

- Rinne an Rannóg Sábháilteachta an Clár Bainistíochta Gníomhaíochta (*Sugar CRM*) a chur i bhfeidhm ar fud na hEagraíochta.

- Rinneadh iniúchtaí sábháilteachta ar feadh 2015, agus tá na Ranna ar fad rannpháirteach sa chlár.

# Comhpháirtíocht sa Láthair Oibre

Baineadh úsáid leanúnach as Comhpháirtíocht sa Láthair Oibre mar áis don Bhainistíocht agus do na Ceardchumainn oibriú as láimh a chéile i dtaca le saincheisteanna eagraíochtúla agus athrú bainistíochta. In 2015, tháinig an Grúpa *Handling Significant Change* le chéile trí bhabhta. Tháinig an Coiste Comhpháirtíochta sa Láthair Oibre le chéile sa Mhárta agus tar éis an chruinnithe sin, cuireadh tús le próiseas athbhunaithe an choiste. Tá mar aidhm fhoriomlán leis torthaí dearfacha a chruthú dóibhsean ar fad atá páirteach sa togra, ina n-áirítear bainistíocht, ceardchumainn, fostaithe agus an pobal.

# Na Córais Faisnéise

Le linn 2015, rinne an roinn Córas Faisnéise tionscadail feabhsaithe gnó a chur ar fáil go leanúnach ar fud na heagraíochta, fad a bhíothas dírithe ar chobhsaíocht oibriúcháin agus ar shlándáil sonraí.

- **Réitigh Ghnó** – Rinneadh an córas Feirthe comhtháite, *iHouse,* a chur i bhfeidhm go rathúil. Rinneadh obair fhorbartha fhorleathan ar *SugarCRM,* chun tacú a thuilleadh leis an Múnla nua Seirbhíse Custaiméara. Rinneadh modúil *SugarCRM* bhreise a fhorbairt chun tacú leis an mBeartas Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde.

  Glacadh ar láimh le roinnt tionscnamh soláthair, inar bronnadh tairiscintí le haghaidh cáipéisí a stóráil ar shuíomhanna seachtracha agus do sheirbhís phriontála bainistithe.

  Cuireadh tús le tionscadal chun www.meath.ie a athdhearadh agus a athfhorbairt agus úsáideadh an Mhí mar shuíomh píolótach do Chóras náisiúnta Ceadúnaithe Comhtháite nua a bhí dírithe ar an bpróiseas ceadúnaithe a shimpliú do ghnóthaí.

- **Oibriúcháin IT** – Le deireadh ré *Windows XP,* bhí gá le tionscadal suntasach uasghrádaithe inar áiríodh bonneagar náisiúnta nua i dtaobh fáil ar chórais mhótarchánach a chur i bhfeidhm ar bhonn áitiúil. Rinneadh an córas ríomhphoist a uasghrádú chomh maith, chun feidhmíocht a fheabhsú agus na rioscaí a bhain le bogearraí as feidhm a bhainistiú. Rinneadh an t-ardán teileafónaíochta a uasghrádú chomh maith. Rinneadh seirbhís Rochtain Idirlíon na Leabharlainne Poiblí a mhionscrúdú ina hiomláine, le ríomhairí pearsanta nua le hacmhainn líonra feabhsaithe, inar cuireadh conradh tacaíochta i bhfeidhm chun leibhéil seirbhíse cothabhála ní b'airde a bhaint amach.

# Acmhainní Daonna

Rinne an Roinn Acmhainní Daonna réimse leathan athruithe a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú in 2015. Cé go bhfuil an moratóir i leith soláthar foirne fós i bhfeidhm, de bharr athrú i seasamh na ranna éagsúla maidir leis an laghdú ar líon an tsoláthair foirne, tháinig ardú ar líon na n-iarratas ceadaithe a deonaíodh agus tháinig ardú seasmhach ar ghníomhaíocht earcaíochta. Ar leibhéal eagraíochtúil, rinneadh atheagrú leanúnach ar ghníomhaíochtaí oibre agus foirne ar bhonn seirbhíse tosaíochta, sa réimse Seirbhíse Custaiméara agus Oibriúcháin go mór mhór. Rinneadh gné Sheirbhís Roinnte na feidhme párolla a aistriú go rathúil chuig *MyPay* sa chéad ráithe den bhliain, agus rinneadh an fheidhm phárolla a bhí fágtha a aistriú on Rannán Airgeadais go dtí an Roinn Acmhainní Daonna d'fhonn an ghné riachtanach áitiúil a chur i gcrích.

In 2015, mar chuid den phleanáil leanúnach i leith lucht saothair, rinne an Roinn Acmhainní Daonna athbhreithniú leanúnach ar na leibhéil agus ar na riachtanais soláthair foirne ar fud na Stiúrthóireachtaí agus na Ranna/Oifigí Ceantair.

Tugadh aird le cois ar an scéim náisiúnta pá breoiteachta nua a chur i bhfeidhm, Inar áiríodh cumarsáid leanúnach leis an bhfoireann, athchóiriú ar CORE agus Prótacal Tinnis Chriticiúil (CIP) a chur i bhfeidhm.

Bhí tionchar suntasach ag an 128 mball foirne a fostaíodh faoin Tionscnamh Náisiúnta Gníomhachtaithe Saothair *'Gateway'* ar ghníomhaíochtaí riaracháin na Roinne Acmhainní Daonna in 2015. Rinneadh 110 post ina n-iomláine ainmniú go náisiúnta do Chomhairle Chontae na Mí, agus rinneadh an sprioc sin a shárú.

Rinne an tAonad Oiliúna athbhreithniú ar riachtanais oiliúna ar bhonn leanúnach agus ar oiliúint Sláinte & Sábháilteachta go mór mhór, ar fud na heagraíochta. Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaobh coimeád taifead, bearnaí oiliúna a ainmniú agus modhanna tuairiscithe agus oiliúna a chur ar fáil.

Tá an próiseas PMDS leabaithe ar fud na heagraíochta agus déantar an timthriall feidhmíochta iomlán a chur i bhfeidhm go bliantúil. An 1 Eanáir 2015, tagraíodh don cheangal a bhí ag tearcfheidhmíocht leis na laghad dul chun cinn a rinneadh.

D'éirigh go maith leis an Roinn Acmhainní Daonna tacú leis an gCoiste CPD athchreidiúnú dhá bhliain an Chaighdeáin Fostóra CPD a bhaint amach, a rinne Innealtóirí Éireann a bhronnadh in Aibreán 2015.

# Pleanáil agus Iompar Straitéiseach

## Pleanáil Chun Cinn agus Forbairt Gheilleagrach

- Cuireadh tús le hoibreacha maidir le hAthrúchán Uimh. 3 Phlean Forbartha Chontae na Mí. Déanfaidh an tAthrúchán sin Plean Forbartha an Chontae a ailíniú le príomhdhearbhphrionsabail na Straitéise Forbartha Geilleagraí do Chontae na Mí, 2014-2022.

- Cuireadh tús chomh maith leis an obair ar an bPlean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil (LECP), plean sé bliana ina leagtar síos na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun forbairt phobail agus gheilleagrach a chur chun cinn.

## Bainistíocht Forbartha

Tháinig ardú 16% go 1447 ar an líon Iarratas Pleanála a fuarthas in 2015.

Próifíl na n-iarratas pleanála a ndearna Údaráis Áitiúla na Mí cinneadh ina leith:

| Catagóir | Iarratas a cinneadh | % Deontas | % Diúltuithe | An líon cásanna a daingníodh leis an mBord Pleanála | An líon cásanna a freaschuireadh leis an mBord Pleanála |
|---|---|---|---|---|---|
| Forbairtí Tithíochta | 28 | 85 | 15 | 4 | 0 |
| Teach Aonair. | 309 | 83 | 17 | 9 | 2 |
| Forbairtí eile nach raibh gá le EIS ina leith | 625 | 92 | 8 | 13 | 9 |
| A raibh gá le EIS ina leith | 15 | 93 | 7 | 3 | 0 |

Fuarthas nó daingníodh líon iarratas pleanála tábhachtach le linn 2015. Léirítear sampla de na hiarratais sin ina n-áirítear:

## Na Saoráidí Scoile

Céim 2 Champas Oideachasúil Bhaile Sheáin, An Uaimh.

Síneadh ar Choláiste Naomh Peadar, Dún Búinne.

Síneadh ar Bhunscoil Naomh Pól, An Uaimh.

Síneadh ar Bhunscoil agus Ionad Uathachais Naomh Michael, Baile Átha Troim.

Thug an tÚdarás Pleanála cúnamh don Roinn Oideachais & Eolaíochta chomh maith i dtaobh suíomhanna scoile molta san Uaimh agus i nDún Búinne a ainmniú.

## Na Saoráidí Spóirt nó Pobail

Cumann Peile Chluain Iorairld.

Club Ionad Pobail Chnoc an Línsigh.

Páirc Shráidbhaile Bhaile an Cheantaigh.

Ionad Pobail Chill Dhéagláin.

## Na Forbairtí Tithíochta

An Uaimh, Ráth Moliain, Ráth Tó, Cill Mheasáin.

## Na Saoráidí Cúram Leanaí & Altranais

An Uaimh, Baile Átha Troim, Ráth Tó.

## Na Saoráidí Fuinnimh/Tionsclaíocha/Tráchtála

Campas Ionaid Sonraí tuairim is 58,000m2 a thógáil *(Facebook),* Cluain Aodha.

Síneadh tuairim is 30,000m2 curtha leis an bPáirc Lóistíochta Moil, Baile an Bhreáigh.

Ionaid Tástála Feithiclí, Baile Mhic Gormáin agus An Uaimh.

## Próifíl an Iarratais

| | |
|---|---|
| Cead Imlíneach | 13 |
| Cead | 1119 |
| Coinneáil | 211 |
| Síneadh le Tréimhse Ama | 104 |
| Sealadach | 0 |
| Cuid 8 | 3 |
| Deimhnithe Díolúine Alt 5 agus Alt 97 | 71 |

# Forbairt Bhonneagair Straitéisigh

- 09/PA0041: Iarratasóir: Iarratas le *Element Power Ltd* ar fhorbairt ar a dtugtar Feirm Ghaoithe Mhaighne, ina n-áirítear suas le 47 dtuirbín, fostáisiún leictreachais amháin agus oibreacha gaolmhara. Rinne Comhairle Chontae na Mí a Tuarascáil Phríomhfheidhmeannaigh a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

- 02 VA.0017: Iarratasóir: Iarratas le *Eirgrid* ar idirnascaire 400Kv Thuaidh Theas. Rinneadh an togra sin a chur i dtoll a chéile faoi fhorálacha sonracha na nAchtanna Forbartha agus Pleanála a bhaineann le Bonneagar Tarchuir Leictreachais. Rinne Comhairle Chontae na Mí a Tuarascáil Phríomhfheidhmeannaigh a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

- 17 VC.0087: Iarratas le *Runways Information Services Ltd.* ar athruithe a dhéanamh ar an líne 220kv reatha ag Cluain Aodha. Rinneadh an togra sin a chur i dtoll a chéile faoi fhorálacha sonracha na nAchtanna Forbartha agus Pleanála a bhaineann le Bonneagar Tarchuir Leictreachais. Rinne Comhairle Chontae na Mí a Tuarascáil Phríomhfheidhmeannaigh a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Rinne an Bord Pleanála an t-iarratas a cheadú.

- 17 PA,0038: Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin. Thug an tÚdarás Pleanála fianaise ag an Éisteacht ó Bhéal a reáchtáil an Bord Pleanála i ndáil leis an iarratas sin a rinne *North Meath Wind Farm Ltd.*

# An Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha

- Bailíodh €6.04 milliún i Ranníocaíochtaí Forbartha le linn 2015, ardú 18% ar 2014.
- Ghlac Comhairle Chontae na Mí le Scéim Ranníocaíochta Forbartha nua i mí na Nollag, 2015. Tiocfaidh an scéim i bhfeidhm in Eanáir 2016, agus tugtar isteach roinnt dreasachtaí chun cuidiú le forbairt gheilleagrach a chur chun cinn sa Chontae.

# Na Rialacháin Phleanála á gCur i bhFeidhm

- Eisíodh 299 Litir Fholáirimh i dtaobh forbairtí neamhúdaraithe agus coinníollacha pleanála a neamhchomhlíonadh.
- Rinneadh 165 Fhógra Forfheidhmiúcháin a eisiúint ina dhiaidh sin, inar cuireadh 17 ar aghaidh chuig ngníomhaire dlí na Comhairle le haghaidh ionchúiseamh trí na Cúirteanna.
- Leanann Comhairle Chontae na Mí ar aghaidh lena cuid oibre i leith eastáit a thógáil i gcúram. Thóg an Chomhairle 16 eastát tithíochta i gcúram in 2015. Ag deireadh na bliana 2015, rinne an tÚdarás Pleanála an próiseas comhairliúcháin phoiblí a thionscnamh i dtaobh 29 n-eastát a thógáil i gcúram. Ní mór don Údarás Pleanála oibreacha a dhéanamh ar 15 de na heastáit sin.

# Na Rialacháin Foirgníochta

- Rinne an tOifigeach Rialacháin Foirgníochta iniúchadh ar 152 fhoirgneamh.
- Fuair an Chomhairle 384 Fhógra Tosaithe.
- Fuair an Roinn Rialacháin Foirgníochta 76 Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas.

# Forbairt Gheilleagrach agus Fiontar


Ba bhuaicphointe in 2015, a bhí i seoladh oifigiúil na Straitéise Forbartha Geilleagraí do Chontae na Mí 2014-2022, ag Sráidbhaile *Ballymagarvey* leis an gCathaoirleach an Comhairleoir Jim Holloway.

I bhforbairt na straitéise sin, ghlac Comhairle Chontae na Mí le ról na príomhghníomhaireachta fostaíochta i dtaobh tacaíochtaí gnó a chur ar fáil sa Chontae agus tacú le láthair shainiúil, éagsúil do ghnóthaí a chur chun cinn.




**Seoladh na Straitéise Forbartha Geilleagraí 2014-2022 do Chontae na Mí.**

## Aidhmeanna na Straitéise Forbartha Geilleagraí 2014-2022:-




Léirítear freagairt chorparáide dhearfach sa straitéis i leith an contae agus an réigiún a fheabhsú, ó thaobh cúrsaí sóisialta agus pobail chomh maith le cúrsaí geilleagracha de. Lena linn sin, bíonn an Chomhairle ag cothú caidreamh go gníomhach le gnóthaí a bhíonn rannpháirteach i bhforbairt gheilleagrach, ag aimsiú tallainne agus ag cruthú timpeallachtaí maireachtála taitneamhacha d'fhonn an caighdeáin iontach maireachtála atá sa chontae le tairiscint a chur chun cinn.

## Margaíocht/Cumarsáid

In 2015, thosaigh an Fhoireann Fiontair agus Gheilleagrach ag úsáid uirlisí cumarsáide digiteacha tábhachtacha i dtaca le forbairt gheilleagrach a chur chun cinn i gContae na Mí, ina ndearnadh an méid seo a leanas a bhaint amach:

- Léiriú an dá fhíseán ***'Make it Meath',*** ina léirítear Contae na Mí agus pointí uathúla spéisiúla na Straitéise Geilleagraí, chomh maith le físeán gearr do na margaí idirnáisiúnta.
- Físeán i dtaobh Chill Dhéagláin a chur chun cinn mar láthair d'infheistíocht ghnó ina ndírítear ar an gcaighdeán maireachtála a chuirtear ar fáil dá gcónaitheoirí, ina n-áirítear Ionad Daorchluiche Idirnáisiúnta nua.
- Eisiúintí meáin in *Sunday Business Post, In-Business Magazine, Public Times Magazines* agus rinneadh tuairisciú dhearfach leanúnach ar bhonn náisiúnta.

## Na Deiseanna Fostaíochta

- Fógraíodh tuairim is 300 post i gContae na Mí in 2015, agus thug Comhairle Chontae na Mí cead pleanála don chomhlacht ollmhór teicneolaíochta *Facebook,* a nIonad Sonraí Eorpach nua a lonnú i gCluain Aodha.

## Na hImeachtaí Gnó a Óstáladh

- Aibreán – Imeacht Soláthair Gnó do SME.
- Deireadh Fómhair – Imeacht Tionóil do Ghnóthaí Nuathionscanta.

## Líonraí Gnó a Chruthú chun Tacú le Poist

- I Márta na bliana 2015, rinneadh toscaireacht ón gComhairle go Nua-Eabhrac, faoi chinnireacht an Chathaoirligh a eagrú.
- Comhoibríodh le Gníomhaireachtaí Náisiúnta – *Connect Ireland,* le soláthraithe oideachais agus glacadh páirt i bhfóram páirtithe leasmhara Phlean Gníomhaíochta Réigiún an Lár-Oirthir maidir le jabanna.
- Rannpháirteach in Imeachtaí Pobail agus Gnóthaí Fiontair BOI.
- Urraíocht ar Shraith Bhia Ghleann na Bóinne 2015, agus ar Fhéile Scannán Guth Gafa.

## Na Tionscnaimh Nua

Rinneadh tiomantas na Comhairle i leith fás geilleagrach agus cruthú fostaíochta a neartú leis an €300,000 maoiniú breise a cuireadh ar fáil do thionscnaimh nua chun forbairt gheilleagrach a chur chun cinn in 2015; chomh maith le uasghrádú agus athchóiriú a dhéanamh ar Eastáit Thionsclaíocha; ardphlean a fhorbairt i dtaca leis an suíomh ag Lios Cartáin, An Uaimh, do *"Boyne Valley Food Innovation Hub''.*

# An Oifig Fiontair Áitiúil

## Na Cláir Oiliúna

Reáchtáladh ceithre chlár oiliúna dhéag is fiche, le 460 rannpháirtí.

| LEO na Mí - Staitisticí do 2015 | Cláir Oiliúna | Rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Leabharchoimeád agus Cánachas bunúsach | 1 | 11 |
| Ceardlanna Pleanála Gnó | 7 | 85 |
| Cuntais Ríomhairithe | 2 | 22 |

| | | |
|---|---|---|
| Feachtas Éifeachtach Margaíochta Ríomhphoist a fhorbairt | *1* | *13* |
| Feachtas Caidrimh Phoiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | 1 | 8 |
| An Dlí Fostaíochta Riachtanach | 1 | 13 |
| Na Céimeanna Riachtanacha chun Díolacháin a ardú | 1 | 12 |
| Clinic Faisnéise (Seachtain Fiontair) | 1 | 22 |
| Do Chúrsaí Airgeadais a Bhainistiú | 1 | 7 |
| Do Shuíomh Gréasáin a Phleanáil agus a Fhorbairt | 1 | 17 |
| Do Ghnó a chur chun cinn trí na Meáin Shóisialta | 2 | 22 |
| Do Smaoineamh nó Aireagán féin a Chosaint | 1 | 3 |
| Taighde a dhéanamh ar do Smaoineamh Gnó féin | 1 | 6 |
| Optamú Inneall Cuardaigh (SEO) | 1 | 15 |
| SYOB | 9 | 161 |
| Cánachas do Thosaitheoirí | 1 | 23 |
| Scileanna Eagrúcháin agus Bainistiú Ama | 1 | 14 |
| Clinic Faisnéise TOV (Seachtain Fiontair) | 1 | 6 |

## Imeachtaí, Seimineáir agus Clinicí.

| LEO na Mí – Staitisticí do 2015. | Imeachtaí, seimineáir agus clinicí. | Rannpháirtithe. |
|---|---|---|
| Clinicí Meantóra | 12 chlinic (sa mhí) | 388 rannpháirtí |
| Seisiúin Meantóra | 56 iarratas | 92 seisiún /28 sannachán tugtha chun críche |
| Suíomh Gréasáin (Nua & Uasghrádaithe) | 4 iarratas | 4 cheadú |
| TOV | 18 n-iarratas | 16 cheadú |

| | | |
|---|---|---|
| *Showcase* | 1 imeacht | 4 rannpháirtí |
| Lá Fiontair Náisiúnta na mBan | 1 imeacht | Tacaíocht do 10 ngnó/rannpháirtí |
| Blas Na hÉireann | 1 imeacht | Tacaíocht do 7 ngnó/rannpháirtí |
| Dámhachtainí Fiontar Mac Léinn | 14 scoil | Ghlac 350 mac léinn páirt |
| IBYE | 36 iarratas | 15 ar an ngearrliosta do ghrodchúrsa |
| Micrea-Airgeadas na hÉireann | 27 n-iarratas | 12 cheadú |
| Seimineár Soláthair (comhthionscnamh le Comhairle Chontae na Mí) | 1 imeacht | 80 rannpháirtí |
| Deontais Margaíochta Easpórtála | 5 iarratas | 5 rannpháirtí |
| An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta | 1 imeacht | 2 ghnó/rannpháirtí |
| An Clár Acadaimh Bia | 1 chlár | 4 rannpháirtí |
| *Accelerate MDP* | 1 chlár | 8 rannpháirtí |

## Blas na hÉireann

Bhí ceithre chomhlacht bia déag as Contae na Mí i measc na mbuaiteoirí ar Ghradaim Bia na hÉireann, atá ar an gcomórtas is mó do tháirgí ardchaighdeáin Éireannacha ar oileán na hÉireann. Inar áiríodh na buaiteoirí gradam de chuid chliaint an LEO, *Roll-It-Pastry, Big Red Kitchen, What's for Pudding, McCormack family Farms, Newgrange Gold, Blast & Wilde and Simply Scones.*

## An Fiontraí Óg Uile-Éireann Is Fearr (IBYE)

Ghlac sé fhiontraí dhéag is fiche as Contae na Mí páirt san IBYE, sular ghlac siad páirt i nGrodchúrsa an IBYE. Ba iad na trí fhiontraí óga a rinne ionadaíocht ar Chontae na Mí ag an mBabhta Réigiúnach deiridh: Laura Browne, *Waterscout,* Teamhair, Co. na Mí; An Gnó Nuathionscanta is fearr – Rachel Darby, *The Bubblins,* An Uaimh, Co. na Mí; agus an Gnó Bunaithe is fearr – Diarmuid Gryson, Teamhair, Co na Mí. Ainmníodh Laura Browne as an Mhí mar an 'Fiontrai Óg Is Fearr'.

## Dearbháin Trádála Ar Líne

Cuireadh isteach ocht n-iarratas déag ar Dhearbháin Trádála Ar Líne chuig LEO na Mí in 2015, inar tugadh ceadú i leith sé cinn déag.

## Micrea-Airgeadas na hÉireann

Cuireadh isteach seacht n-iarratas fichead Mhicrea-Airgeadas na hÉireann chuig LEO na Mí in 2015, inar tugadh ceadú i leith dhá cheann déag. Rinneadh €170k d'iasachtaí a cheadú ina n-iomláine le linn 2015, as ciste iomlán iarratais de €395k.

## Cultúr Fiontair

Tá mar chuid d'fhís LEO na Mí, feidhmiú mar chatalaíoch agus mar thathantóir i leith cultúr fiontair dea-chleachtais a bhunú i measc gnóthaí nuathionscanta, micreaghnóthaí agus gnóthaí beaga, agus fiontar agus féinfhostaíocht a chur chun cinn mar rogha ghairme inmharthana i measc an phobail i gcoitinne.

Tá an cuspóir sin á chur i bhfeidhm trí réimse leathan clár, tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí ina n-áirítear oiliúint SYOB, clinicí meantóireachta, grodchúrsa IBYE, cuidiú le hIonaid Fiontair agus le tionscnaimh líonraithe amhail *Plato* agus Líonra Gnó na mBan.

# Turasóireacht

## Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2016-2020

Is é **Cuspóir Foriomlán** na straitéise, moltaí inghníomhaithe a ainmniú chun forbairt turasóireachta a threorú agus a spreagadh chun an tairbhe is fearr a bhaint as an tréimhse cuairte, as an leibhéal taitneamhachta agus as an teacht isteach geilleagrach ó chuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

- Rinneadh Grúpa Oibre Straitéise Turasóireachta a bhunú le hionadaíocht ó Chontaetha Lú agus na Mí, chun maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú an dréachtphlean 5 bliana.
- Tháinig an grúpa le chéile chun na téarmaí tagartha do chomhairleoirí ar an straitéis a chomhaontú agus rinneadh plean comhairliúcháin a phlé agus a chomhaontú.
- Rinne Comhairlí Contae Lú agus na Mí tairiscint ar *etenders* agus ceapadh Mark O'Connell ó *W2 Consulting* i mí Lúnasa, Cuireadh plean comhairliúcháin cuimsitheach i dtoll a chéile agus rinneadh straitéis turasóireachta nuálach agus uaillmhianach a thabhairt chun críche.
- Rinne Paul Kiely, Fáilte Éireann agus Stiúrthóir Chlár Oirthear Ársa na hÉireann, Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne a sheoladh an 23 Feabhra ag suíomh Chath na Bóinne.




**Kevin Stewart, Stiúrthóir Seirbhísí, ag labhairt dó ag seoladh Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne.**

## Margaíocht agus Cur Chun Cinn

In 2015, freastalaíodh ar 22 imeacht spreagtha ina iomláine, an líon ba mhó imeachtaí spreagtha a freastalaíodh orthu go dtí sin. Inar áiríodh na Comórtais Treabhdóireachta, *Bloom* Pháirc an Fhionnuisce, Seó Capall Bhaile Átha Cliath sa RDS, agus seónna i dTuaisceart Éireann chomh maith leis an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin agus an Spáinn. Freastalaíodh ar cheardlanna díolacháin eile trínar díríodh ar oibreoirí turasóireachta chun gnóthaí a mhealladh chuig Gleann na Bóinne. Leanadh leis sin, le 4 chuairt taithíochta trína ndearnadh Gleann na Bóinne a thaispeáint do 122 oibreoir turasóireachta. Cuireadh béim ar mhargaíocht dhigiteach chun díriú ar chuairteoirí na tíre agus ó thar lear isteach. Bunaíodh grúpaí margaíochta comhoibríocha le soláthraithe eachtraíochta agus le ceannaithe fíonta. Cuireadh tacaíocht ar fáil do Shraith Bhia Ghleann na Bóinne agus do Ghalfchúrsaí Ghleann na Bóinne. Glacadh ar láimh le Feachtas Margaíochta Samhraidh agus leagadh béim ar 40 imeacht de chuid Fhéile Shamhna Spioraid na Mí, inar scaipeadh 35,000 bróisiúr ar fud na hÉireann agus thar lear.



**Comhairleoirí, Comhaltaí Oireachtais agus feidhmeannaigh ag freastal ar oscailt an Ionaid Daorchluiche Idirnáisiúnta i gCill Dhéagláin, le taobh Kevin O'Malley, Ambasadóir Stáit Aontaithe Mheiriceá.**

## Comhdháil Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2015

An 20 agus an 21 Feabhra 2015, reáchtáladh comhdháil agus taispeántas Turasóireachta Ghleann na Bóinne, a raibh an-rath air, leis an téama 'Ag Léiriú Ceann Scríbe Uathúil – Gleann na Bóinne'. D'fhreastail os cionn 250 toscaire ar na himeachtaí inar áiríodh Treoraithe Turasóireachta, Oibreoirí Turasóireachta agus an tionscal turasóireachta. Reáchtáladh sárthaispeántas ar na féilte agus cuairt taithíochta do na treoraithe turasóireachta ar an lá roimh an chomhdháil, le linn do chomhdháil agus sárthaispeántas turasóireachta a reáchtáladh De hAoine an 21 Feabhra, inar fhreastail 250 toscaire ar na himeachtaí.

# An Oidhreacht



## Plean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020

## Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae na Mí 2015-2020

Rinneadh Dréachtphlean Oidhreachta an Chontae 2015-2020, agus Dréachtphlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae na Mí a chur i láthair do chomhaltaí tofa Chomhairle Chontae na Mí, lena bhfaomhadh i leith na pleananna a thaispeáint go poiblí agus próiseas comhairliúcháin a ghlacadh ar láimh i ngach Ceantar Bardasach. Cuireadh isteach tuairiscithe ar an dá phlean. Reáchtáil Fóram Oidhreachta an Chontae ceardlann chun aighneachtaí a bhreithniú agus rinneadh pleananna deiridh a chomhaontú. Ghlac Comhairle Chontae na Mí ina dhiaidh sin, le *Plean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020* agus le *Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na Mí 2015-2020* ag cruinniú na comhairle san Aibreán.

Foghrúpa Bithéagsúlachta Réigiún Teorann an Oirthir – Tháinig an grúpa stiúrtha tionscadail le chéile ar bhonn míosúil ar feadh 2015 chun: aighneacht a ullmhú i leith an chláir INTERREG VA, idirchaidreamh a dhéanamh le ranna rialtais lárnacha (thuaidh agus theas), freagairt do scóip an INTERREG VA agus do ghlaonna ar thionscadail.

## Tionscadail Phleananna Oidhreachta an Chontae 2015

Tugadh na tionscadail a leanas chun críche in 2015, mar chuid de Phlean Oidhreachta an Chontae trí thacaíocht na Comhairle Oidhreachta:

(1) Staidéar Scóipe ar Luach an Tionscadail Oidhreachta i gceithre chontae (An Mhí, Cill Chainnigh, Cill Dara agus Cathair Chorcaí) – Ba í aidhm fhoriomlán an staidéir scóipe, athbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht agus ar na tacair shonraí reatha d'fhonn cur chuige agus modheolaíocht a chur ar an eolas do staidéar (nó sraith staidéar) i dtaobh bonn fianaise a fhorbairt ar luach na hoidhreachta ag leibhéal fonáisiúnta, inar díríodh ar riachtanais na gceithre údarás áitiúil a raibh baint acu leis an staidéar a chomhlíonadh agus ina ndearnadh an cumas i dtaobh macasamhlú a dhéanamh i réimsí eile a bhreithniú.

(2) Pleananna Bithéagsúlachta Pobail do 7 lonnaíocht – Trí chomhoibriú le grúpaí deonacha agus pobail áitiúla, scoileanna agus le daoine leasmhara, rinneadh ullmhú na bPleananna Bithéagsúlachta Pobail a éascú i mBaile Shláine, Steach Maoilín, Maigh Dearmhaí, Ráth Tó, Ceanannas agus Baile Iúiliáin. Rinne gach plean líon comhaontaithe gníomhaíochtaí a leagan síos chun bithéagsúlacht a chur chun cinn, a bhainistiú agus a fheabhsú i ngach baile agus sráidbhaile thar thréimhse 5 bliana.

(3) An Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2015 – Seoladh an scéim deontais seo in 2015, chun tacú le grúpaí pobail agus le heagraíochtaí tionscadail a ghlacadh ar láimh chun faisnéis a bhailiú, cuidiú le feasacht agus tuiscint ar ár sócmhainní oidhreachta a chur chun cinn agus a bhainistiú go cuí. Tacaíodh le 42 thionscadal.

(4) Seachtain Oidhreachta 2015 – Rinneadh Seachtain Oidhreachta na Mí a sheoladh i gCnóbha i gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon na Mí agus le hOifig na nOibreacha Poiblí. Rinneadh bróisiúr a dhearadh agus a fhoilsiú ina ndearnadh mionshonrú ar os cionn 60 imeacht a reáchtáladh sa chontae.

(5) Cumann Allamuigh Stair an Dúlra Ghleann na Bóinne – Bunaíodh Cumann Allamuigh Stair an Dúlra Ghleann na Bóinne in 2015, chun tuiscint phobail a chothú i leith na hoidhreachta nádúrtha, geolaíochta, tírdhreacha, flóra agus fána, agus chun taifeadadh agus breathnóireacht na bithéagsúlachta i gContae na Mí a chur chun cinn. Reáchtáladh cúig imeacht ar fud an chontae in 2015, i gcomhpháirtíocht le Crann, Columbáin Pháirc Dhealgan, Oifig na nOibreacha Poiblí, Comhairle Caomhnaithe Phortaigh an hÉireann agus An Taisce.

(6) Seimineár Oiliúna Inmheánach – Seimineár inmheánach ar sheandálaíocht a reáchtáladh do phleanálaithe agus d'innealtóirí i gcomhar le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.

(7) Tionscadal Seandálaíochta agus Oidhreachta Pobail na Mainistreach Duibhe – Leanadh ar aghaidh ag cur leis na comhpháirtíochtaí straitéiseacha reatha chun Contae na Mí a fhorbairt agus a chur chun cinn mar láthair do mhic léinn ó thar lear, taithí a fháil sa seandálaíocht agus sa réimse bainistíochta acmhainne cultúrtha trí Thionscadal Seandálaíochta Pobail na Mainistreach Duibhe. In 2015, rinneadh músaem sealadach a choimeád sa leabharlann ina ndearnadh mionsonrú ar stair agus ar oidhreacht an tsuímh. Rinneadh Tionscadal Stair Shóisialta na Mainistreach Duibhe a thionscnamh chun na seanscéalta a bhailiú agus a dhoiciméadú, leanadh ar aghaidh leis an obair ar na tochaltáin. Reáchtáladh roinnt imeachtaí feasachta chun rannpháirtíocht an phobail leis an tionscadal a chothú

inar áiríodh cainteanna agus laethanta oscailte. Rinneadh feabhsúcháin shuntasacha ar an suíomh agus crochadh comharthaíocht léiritheacha, a rinne foireann *Gateway* a éascú. Rinne an tionscadal SMART gairdín pobail a fhorbairt ar an suíomh.

Chomh maith leis sin, bhí ionchur ag Oidhreacht i bhforbairt Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne, Aip Ghleann na Bóinne, clár gníomhaíochtaí 1916, Oirthear Ársa na hÉireann, Cultúr 2025, Plean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil agus Turas Columbanus. Rinneadh comhairle oidhreachta a chur ar fáil go leanúnach do tharchuir phleanála, don phobal agus do ghrúpaí pobail i gContae na Mí. Seoladh an *Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha 2015-2025* i mBealtaine 2015, le hOidhreacht na Mí mar chomhalta an Choiste.

Rinne Oidhreacht na Mí, i gcomhpháirtíocht le *Meitheal* Phortaigh na Greallaí, plean Caomhnaithe agus Bainistíochta a fhorbairt do Phortaigh na Greallaí.

## Ceardlanna/Páipéir/Comhdháil Iarrtha in 2015

| | |
|---|---|
| **Imeacht:** | Comhdháil Turasóireachta Ghleann na Bóinne |
| **Dáta:** | Feabhra 2015 |
| **Ionad:** | An Mhí |

| | |
|---|---|
| **Imeacht:** | Úsáid níos forleithne a bhaint as Bogaigh – Comhdháil Bogach Idirnáisiúnta – Coiste *Ramsar* na hÉireann |
| **Dáta:** | Bealtaine 2015 |
| **Ionad:** | Ionad Bhogaigh *Ballybay* |

# Tithíocht

## Caipiteal Tithíochta

- Leanadh ar aghaidh leis an gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh (Céim 1) le linn 2015, le hoibreacha ar 588 n-aonad tithíochta tugtha chun críche. Dhírigh na hoibreacha ar insliú áiléir agus balla.
- Rinneadh oibreacha athchóirithe ar 118 n-aonad fholmha in 2015.
- Tugadh oibreacha ar 36 aonad chun críche le linn na bliana faoi Scéim Oibreacha Oiriúnaithe an Údaráis Áitiúil.

- Scéim Thithe Móra Naomh Bríd (5 aonad), An Uaimh, tugtha chun críche.
- Rinneadh faomhadh na Roinne a dhaingniú sa tríú ráithe de 2015, chun tairiscint a dhéanamh ar 16 aonad i mBaile an Bhiataigh, ina ndéanfar na haonaid sin a thógáil in 2016.
- Faoi mhaoiniú na Straitéise Tithíochta Sóisialta, rinneadh trí thionscadal tógála ar leith a cheadú, chun 83 aonad a chur ar fáil. Rinneadh an chéim dheartha do gach ceann de na trí thionscadal (Baile Átha Buí, Ceanannas agus Cnoc an Línsigh) a chur ar aghaidh in 2015.
- Faoin gClár Éadála 2015, tugadh 27 n-éadáil chun críche, a bhí lonnaithe ar fud an chontae.

## Na Leithdháiltí Tithíochta

- Rinne Comhairle Chontae na Mí, riachtanais 181 teaghlach a chomhlíonadh in 2015, trí scéimeanna éagsúla inar áiríodh an Scéim Cóiríochta Cíosa, léasú sóisialta agus comhlachtaí tithíochta deonacha chomh maith le corrfholúntais.
- Trí chomhoibriú leis na comhlachtaí tithíochta deonacha fuarthas ceadú i leith 40 aonad faoin gCód Caiteachais Reatha Tithíochta Sóisialta. Rinneadh an cruinniú fóraim tionscnaimh idir na cumainn tithíochta deonacha sa Chontae agus Comhairle Chontae na Mí a ghairm i mí Iúil 2015, d'fhonn cruinnithe ráithe a reáchtáil.
- Tháinig an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) i bhfeidhm i gCo. Na Mí an 2 Samhain 2015.

## Na Deontais Tithíochta

Rinneadh €1.2 milliún maoiniú deontais a leithdháileadh, ina ndearnadh 143 iarratas ar dheontas tithíochta a cheadú faoi na scéimeanna a leanas: Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas, Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta.

## Na Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Dhéileáil na Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean le os cionn 900 coinne/measúnú in 2015, inar cuireadh cóiríocht éigeandála ar fáil do 199 dteaghlach go dtí seo in 2015.

## Cóiríocht do Thaistealaithe

Rinneadh na spriocanna cóiríochta do 2015, faoin gClár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-2018, a bhaint amach.

Tá an obair athchóirithe ar Pháirc San Proinsias ar cheann de phríomhghnéithe an Chláir Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-2018. Dhírigh an obair in 2015, ar phróiseas comhairliúcháin leis na cónaitheoirí d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an dearadh.

## An tIonad Aontachta, Baile na Gaoithe, An Uaimh

Déanann an tIonad Aontachta acmhainn luachmhar a chur ar fáil do phobal Bhaile na Gaoithe agus do cheantar na hUaimhe i gcoitinne, trí spás do ghníomhaíochtaí pobail chomh maith le gníomhaíochtaí caithimh aimsire agus oiliúna a chur ar fáil. Bíonn an tIonad oscailte ón 8.30a.m. – 9.30p.m., ó Luan go hAoine. Déanann baill phobal Bhaile na Gaoithe an Club Óige agus Grúpa Naíonán agus Tuismitheoirí seachtainiúil a reáchtáil, agus déanann eagraíochtaí amhail an HSE, *Rehabcare, Prosper Meath,* Seirbhís Críochnú Scoile na hUaimhe, Tacaíocht Teaghlaigh *Springboard* agus Seirbhísí Leanaí *Orchard,* úsáid rialta a bhaint as an bhfoirgneamh chun tacú le hoiliúint a chur ar fáil dá gcliaint áitiúla. Déanann roinnt grúpaí tacaíochta a gcruinnithe seachtainiúla a reáchtáil ar an láthair agus tá Naíonra ag feidhmiú san fhoirgneamh chomh maith.

## Idirchaidreamh Tionónta

Rinne os cionn 100 tionónta a gcuid oiliúna réamhthionóntachta a thabhairt chun críche le linn 2015, inar fuarthas réimse eolais maidir lena dtionóntacht le Comhairle Chontae na Mí.

# An Roinn Pobail

## An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, ordaíodh do gach Údarás Áitiúil, Coiste Forbartha Pobail Áitiúil a bhunú. Bunaíodh an LCDC chun críche cuir chuige chomhtháite agus shoiléir i leith forbairt phobail agus áitiúil sa chontae a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm. Tá 19 gcomhalta ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha páirteach in LCDC na Mí. Tá an LCDC freagrach as Plean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil 6 bliana a ullmhú chomh maith le monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar na cláir *Leader* agus SICAP.

## An Plean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil (LECP) 2016-2021

Tá an LCDC freagrach as Plean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil 6 bliana a ullmhú i gcomhar leis an gComhairle. Áiríodh Ráiteas Socheacnamaíoch le hullmhú an phlean agus ar a uain cuireadh é faoi bhráid gníomhaireachtaí éagsúla, comhairliúcháin phoiblí, suirbhé ar líne agus glaonna ar aighneachtaí, lena phlé agus chun aiseolas a bhailiú. Rinneadh an dréachtphlean a thabhairt chun críche agus rinne coiste comhairleach an LECP, an LCDC, an SPC geilleagrach, an Tionól Réigiúnach agus 6 Cheantar Bardasach an dréachtphlean a bhreithniú. Táthar ag súil go nglacfar leis an bplean i gcéad ráithe 2016.

## Cuimsiú Sóisialta

Tagann an clár seo i gcomharba ar an gClár Forbartha Pobail Áitiúil (LCDP), a chuireadh na Comhlachtaí Forbartha Áitiúla ar fáil tráth. Tá mar aidhm le clár SICAP, bochtanas a laghdú agus comhionannas agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Bronnadh an tairiscint ar Chomhpháirtíocht na Mí, chun an clár a chur i bhfeidhm. Cuireadh tús leis an gclár i lár na bliana 2015, le buiséad €235,798 a leithdháileadh go dtí deireadh na bliana 2015, leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le comh-mhaoiniú ó Chiste Sóisialta na

hEorpa (ESF).  Is é an LCDC an t-údarás conarthach a dhéanann SICAP a bhainistiú agus a riar ag leibhéal áitiúil. Tá an LCDC ina phríomhchinnteoir a bheidh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus as íocaíochtaí a cheadú i dtaca leis an gclár a chur i bhfeidhm.



**Baill Thionscadal Sonais Mhéara na hUaimhe ag tabhairt cuairt ar Theach na Comhairle i dteannta Mhéara na hUaimhe.**

## Tionscadal Sonais Mhéara na hUaimhe

Maidir leis an tionscnamh seo a chuireann an Comhairleoir Sinéad Burke, Méara na hUaimhe chun cinn, áirítear 16 chaifé agus bhialann i mBaile na hUiamhe.  Áirítear leis an bonn 'cupán ceanúlachta daonna' a cheannaítear ar €2.  Bronntar na boinn mar chomhartha ceanúlachta nó ómóis agus is féidir iad a mhalartú ag caiféanna/bialanna rannpháirteacha agus deoch a fháil ina n-áit.

## An Clár Leader 2014-2020

Le seachadadh an chláir Leader 2014-2020, áireofar an LCDC dar teideal an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG). Rinneadh an LCDC/LAG Straitéis Forbartha Áitiúil (LDS) a chur isteach i Ráithe 4, 2015, lena faomhadh ag an Roinn.  Fuair gach Contae leithdháileadh airgeadais inar leithdháileadh €6,903,123.57 ar Chontae na Mí.  Is é toradh phróiseas roghnaithe na Straitéise Forbartha Áitiúla (LDS) áfach, a chinnfidh an maoiniú a thugtar d'aon

LDS ar leith. Is é beartas an Rialtais go ndéanfar cur chuige comhpháirteach a bhreithniú i dtaca leis na cláir LEADER/LDS a chur i bhfeidhm, ina n-áireofar údaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara tábhachtacha eile amhail Comhlachtaí Forbartha Áitiúla reatha.

D'aontaigh an LCDC le cur chuige comhchoiteann i leith clár LEADER, leis an LCDC ag feidhmiú mar an LAG agus Comhpháirtíocht na Mí ag cur i bhfeidhm an chláir. Ciallaítear leis sin, nach mór na moltaí don chlár ar fad a chur faoi bhráid an LCDC chun cinneadh a dhéanamh agus/nó vóta a chaitheamh ina leith. Tá an LCDC/LAG/Údarás Áitiúil freagrach as monatóireacht/maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh an chláir.

## Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Rinneadh forbairt ar an PPN ar feadh 2015, agus tá sé dea-bhunaithe faoin tráth seo, le cruinnithe á reáchtáil ar feadh na bliana le hionadaithe ó gach Coláiste – Comhshaoil, Cuimsiú Sóisialta agus Deonach agus ó gach Ceantar Bardasach. Bunaíodh Rúnaíocht le 12 chomhalta ionadaíocha ó gach Coláiste agus Ceantar i bhFeabhra na bliana 2015, agus tagann siad le chéile ar bhonn míosúil. Bhí siad dírithe ar cheisteanna a tarraingíodh anuas ag gach cruinniú Coláiste/áitiúil a thaifeadadh agus a chur in ord tosaíochta, agus tá siad anois i mbun brandáil agus suíomh gréasáin a fhorbairt don PPN. Is tríd an PPN a dhéantar ionadaithe pobail agus deonacha a ainmniú chuig coistí na Comhairle. I Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2015, rinne an PPN ionadaithe ó gach Coláiste a thoghadh chuig an LCDC. Rinneadh Nascghrúpa an Choiste Comhphóilíneachta a bhunú chomh maith, agus rinne an grúpa sin ceithre ionadaí ón PPN a thoghadh chuig an JPC.

## Tionscnamh Aoisbhá na Mí

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Tionscnamh Aoisbhá an Chontae óna sheoladh i Meán Fómhair, 2011. Féachann sé le daoine scothaosta agus leis na saoránaigh ar fad a ghníomhú chun a bpobail a dhéanamh níos fearr, níos sláintiúla agus níos sábháilte do dhaoine scothaosta maireachtáil agus rathú iontu. Cuidíonn an Fóram um Dhaoine Scothaosta, i gcomhar le Comhpháirtíocht na Mí (*Laterlife Network),* leis an Straitéis a chur i bhfeidhm agus feidhmíonn sé ar son saoránaigh scothaosta na Mí. Rinne na 3 Ghrúpa Oibre i.e. an Grúpa Iompair, an Grúpa Oibre Sábháilteachta agus Coiscthe Coireachta agus an Grúpa Oibre Cumarsáide agus Faisnéise an obair a bhí leagtha síos sa Straitéis a thabhairt chun críche. Rinneadh suirbhé iompair a chur i gcrích agus a sheoladh ag an Lá Iompair Tuaithe, an 30 Deireadh Fómhair, chomh maith leis an gcéad Tuarascáil Bhliantúil Aoisbhá. Tá suíomh gréasáin Aoisbhá na Mí anois ar líne le faisnéis áitiúil maidir le daoine scothaosta.

Rinne Aoisbhá Éireann searmanas náisiúnta aitheantais agus gnóthachtála a reáchtáil i gCabhán san Eanáir. Bhí Contae na Mí ar an ngearrliosta do 2 ainmniúchán faoin réimse iompair agus aosaithe shláintiúil agus ghníomhaigh, inar éirigh leis an tionscnamh iompair an gradam a bhuachan.

Is baile Gnó Aoisbháúil é Ceanannas, inar ghlac 32 ghnó páirt sa tionscnamh. Féadfaidh gnó Aoisbháúil seirbhísí a chur ar fáil amhail seachadtaí baile, lascainí agus sólaistí, gan a lua ach an beagán. Rinneadh eolaire

a scaipeadh ina ndéantar na gnóthaí a ghlac páirt sa togra a ainmniú. Seoladh spás páirceála Aoisbháúil sa bhaile, láimh le hOifig an Phoist agus táthar ag súil go ndéanfar é sin a oibriú ar bhonn píolótach.

Is baile Aoisbháúil é Baile Átha Troim, ina bhfuil coiste stiúrtha bunaithe chun an plean gníomhaíochta atá i bhfeidhm a chur chun cinn.

## Comhairle na nÓg/Dáil na nÓg

Bhí an-rath ar Chruinniú Cinn Bhliana Chomhairle na nÓg agus Dáil na nÓg Chontae na Mí, a reáchtáladh an 6 Deireadh Fómhair, 2015, inar fhreastail os cionn 200 duine a bhí idir 12-18 mbliana d'aois ar an ócáid. Le bliain anuas, rinne na daoine óga clár a fhorbairt dar theideal *Let's Go Mental,* chun tacú le meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn i ndaoine óga i gCo. na Mí. Tá an tionscadal bunaithe ar thogra le *Headstrong* dar teideal 'An Cúig Ní sa Ló' ar mhaithe le do mheabhairshláinte: Bí flaithiúil, Bí Gníomhach, Bí Páirteach, Déan Teagmháil agus Bí Ar An Airdeall. Reáchtáladh ceardlanna ar feadh lá an Chruinnithe Cinn Bhliana i gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil na Mí, *Jigsaw* na Mí, Ionad Oibrithe Deonacha na Mí agus le *Youthwork Ireland* na Mí. Rinne daoine óga Chomhairle na nÓg na Mí éascú ar na ceardlanna ar fad.

Le linn 2015, chuathas i gcomhairle le Comhairle na nÓg na Mí i dtaobh an Phlean Gheilleagraigh agus Pobail Áitiúil, Sheirbhís Leabharlainne na Mí, na Straitéise Náisiúnta Óige, *Young Voices 2015* agus i dtaobh chomhairle Chearta Daonna na Roinne Dlí agus Cirt. Bhí na daoine óga rannpháirteach i dTionscadal *Button Jigsaw* na Mí, i dTionscadal Sonais Mhéara na hUaimhe agus i Seachtain Mheabhairshláinte Dhearfach na Mí chomh maith.



**Grúpa AGM Chomhairle na nÓg**

## An Comhchoiste Póilíneachta (JPC)

Reáchtáil an JPC nuabhunaithe a chruinniú tionscnaimh i Meán Fómhair. Tá 15 chomhairleoir, 5 Chomhalta Oireachtais, 2 fheidhmeannach Údaráis Áitiúil, 2 Gharda Síochána agus 7 mball den phobal ar an gcoiste, ina ndéantar 4 bhall den phobal a ainmniú tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN). Reáchtáladh an dara cruinniú leis an gcoiste i mí na Nollag, ina ndearnadh dréachtphlean 6 bliana a chur faoi bhráid na gcomhaltaí lena bhreithniú.

Tá mar aidhm fhoriomlán leis an JPC, feidhmiú mar fhóram le haghaidh comhairle, plé agus moltaí a dhéanamh i leith cúrsaí a théann i gcion ar phóilíneacht sa cheantar údaráis áitiúil.

## Na Tionscnaimh Phobail – Mórtas Áite

Trí thionscnaimh phobail ina n-áirítear Mórtas Áite, an Cumann Frithbhruscair agus na Scoileanna Glasa, déantar clár tionscnamh timpeallachta agus caighdeáin maireachtála a chur ar fáil a spreagann, a aithníonn agus a thugann luach saothair do ghrúpaí pobail gníomhacha, scoileanna agus do dhaoine aonair a ghlacann páirt i dtionscadail feabhsúcháin agus forbartha pobail ina gceantair féin.

Bhí an leagan amach ar an togra Mórtas Áite in 2015, beagán éagsúil i gcomparáid le comórtais eile a reáchtáladh ag leibhéal Ceantair Bhardasaigh. Téann buaiteoirí na gcatagóir ó gach Ceantar Bardasach ar

aghaidh chun dul san iomaíocht ag leibhéal Contae. Tá ardú tagtha ar an duais airgid a bhronntar ar na buaiteoirí le hais blianta eile.

## An Scéim Deontais Pobail 2015

Is scéim nua é seo, inar tugadh cuireadh do Ghrúpaí Pobail/Bailte Slachtmhara/Cumainn Chónaitheoirí, scoileanna agus d'eagraíochtaí eile a bhí gníomhach i dtionscadal pobail ina gceantair féin, iarratas a dhéanamh ar an scéim. Tá mar aidhm leis an scéim deontais, cuidiú le grúpaí pobail áitiúla a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as maoiniú aonuaire nó as maoiniú ar scála beag chun tacú le gníomhaíochtaí a ngrúpa nó chun tionscadal ar leith a fhorbairt.

Fuarthas na hiarratais a leanas faoi na catagóirí in 2015:

| Na Deontais Gníomhaíochta Pobail. | An Líon Iarratasóirí | An Líon Iarratasóirí Rathúla. |
|---|---|---|
| Rannpháirtíocht Phobail | 23 | 20 |
| An Deontas do Dhaoine Scothaosta Gníomhacha | 7 | 7 |
| Comhionannas agus Cuimsiú Sóisialta | 9 | 8 |
| Na Saoráidí Pobail agus Spóirt | 14 | 11 |
| Deontas na mBailte Slachtmhara | 16 | 16 |
| An Deontas Imeachtaí agus Féilte | 38 | 35 |
| An Scéim Péinteála Sráid-dreacha | 20 | 19 |
| An Deontas Reilige | 17 | 15 |

## Scéim Deontais Pobail Bhaile Chearráin

Rinne Scéim Deontais Pobail Bhaile Chearráin €224,000 maoiniú a ghealladh do 24 thionscadal pobail a bhí ainmnithe faoin Scéim Deontas 2014, ina bhfuil a bhformhór mór anois tugtha chun críche. Rinneadh €200,000 a dheonú go leithleach ar phríomhthionscadal Seomra Ilchuspóireach Scoil *Mount Hanover,* a dhéanfar a mhaoiniú tríd an scéim seo thar thréimhse 4 bliana.

## Scéim Deontais *Knockharley*

Léiríonn an 10 n-acra talún a ceannaíodh i lár shráidbhaile Bhaile an Cheantaigh do pháirc nua agus d'Ionad Pobail nua a thógáil ar an suíomh, agus ar cuireadh isteach iarratas ar chead pleanála ina leith i lár 2015, an

tairbhe leanúnach a bhaineann an pobal áitiúil as Scéim Deontais *Knockharley.* Rinneadh maoiniú a dheonú ar trí thionscadal déag, a tugadh chun críche a bheag nó a mhór, faoin Scéim Deontais Bhig 2014, agus tugadh dhá thionscadal chun críche faoin Scéim Deontas Pobail in 2015.

## Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil na Mí

Déanann Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil na Mí ról ceannaireachta a chur ar fáil chun deiseanna gníomhaíochta coirp agus spórt i gContae na Mí a chomhordú, a fhorbairt agus a sheachadadh, taobh istigh den chreat a mbaineann lenár bplean straitéiseach agus faoi réir acmhainní atá ar fáil. Tá mar ról againn, tacú le deiseanna rannpháirtíochta ar feadh an tsaoil a ardú i gcúrsaí spóirt agus i ngníomhaíocht choirp do mhuintir Chontae na Mí.

In 2015, rinne LSP na Mí 45 chlár ina iomláine a chur i bhfeidhm: Daoine Scothaosta (5); Faoi Mhíchumas (11); Forbairt Clubanna (6) Daoine Óga (7); Pobail (9) agus Mná i Spóirt (5). Ghlac os cionn 18,125 duine páirt sna cláir sin. Ina léirítear fás 36% sna leibhéil rannpháirtíochta ó 2014. Rinneadh fás suntasach rannpháirtíochta a bhaint amach sna cláir seo a leanas:

- An tSeachtain Rothaíochta – ardú 12% ar líon na rannpháirtithe baineanna
- Grúpa Reathaíochta na Mí – ardú 120% ar líon na rannpháirtithe i nGrúpa Reathaíochta na Mí, Bloc 3
- Turas Rothaíochta Oidhreachta na Mí, An Post – ardú 17% ar líon na rannpháirtithe as Co. na Mí
- Ardú 12% ar líon na rannpháirtithe sa *Family Spin*

Ina theannta sin, tá an fás atá tagtha ar ár gcláir do Dhaoine Scothaosta, na tionscnaimh do Mhná i Spóirt, na cláir oideachais agus oiliúna agus ár gcláir do dhaoine atá faoi mhíchumas. Rinneadh ár dtionscadal gníomhaíochta coirp *Active Minds,* atá maoinithe ag an HSE, agus ina ndírítear ar dhaoine le luathnéaltrú, ar a gcúramóirí agus ar a muintir, a chur ar an ngearrliosta don ghradam Náisiúnta Néaltraithe Ardaithe.

Tosaíodh ar an obair in 2014, i dtaobh Seachtain Mheabhairshláinte na Mí a chur ar an bhféilire bliantúil gníomhaíochtaí do mhuintir na Mí, agus tógadh céim eile chun cinn in 2015, trí imeacht a eagrú a mhair ar feadh seachtaine agus inar reáchtáladh os cionn 25 cheardlann agus chlár ar fud an chontae. Fuarthas aiseolas an-dearfach i leith na seachtaine, ina ndearnadh bealaí nua a chruthú do LSP na Mí, i dtaca le líonrú agus cláir agus próifíl a leathnú. Tá mar aidhm leis an tseachtain, feasacht i leith meabhairshláinte dhearfach a ardú. Thug na gníomhaireachtaí ar fad a bhí páirteach sa togra a dtiomantas i dtaobh cur le rathúlacht na seachtaine agus imeacht dá shórt a reáchtáil in 2016.

D'éirigh le LSP na Mí maoiniú a dhaingniú ó Spórt Éireann, trí mhaoiniú a fháil ón eagras Pobal, chun feidhmiú céimneach a dhéanamh ar dhá chlár nua: an Clár Cóitseála Pobail agus an Gradam Leibhéal 1 i gCeannaireacht Spórt.

Rinneadh an Clár Cóitseála Pobail a leagan amach chun cuidiú le daoine a d'fhéadfadh a bheith dífhostaithe go fadtéarmach, atá ag fáil sochar leasa shóisialta agus/nó sochar cuardaitheora poist ar mhaithe le fostaíocht a

aimsiú nó leas  a bhaint as deiseanna cóitseála nó deonacha nó atá ag filleadh ar an oideachas san earnáil spóirt.  Rinne an clár scileanna praiticiúla agus teoiriciúla spóirt a chur ar fáil do na rannpháirtithe, a bhí oscailte d'fhir agus do mhná ar fud na Mí.  Leis na modúil a cuireadh ar fáil do na rannpháirtithe áiríodh cóitseáil spórt; oiliúint gníomhaíochta coirp; scileanna ullmhachta post a fhorbairt agus forbairt phearsanta.  Tá rannpháirtithe an chláir ag súil leanúint at aghaidh le breisoideachas.

Is clár nua é an Gradam Leibhéal 1 i gCeannaireacht Spórt (creidiúnaithe ag Spórt UK) a cuireadh ar fáil do chailíní meánscoile san Uaimh.  Ghlac os cionn 41 dalta idirbhliana páirt sna 33 huaireanta an chloig oiliúna – (6 mhodúl).  Tugann an gradam tús maith d'fhoghlaimeoirí a bhfuil 13 bliana d'aois slánaithe acu agus ar mian leo a gcuid scileanna ceannaireachta a fhorbairt, fad a bhíonn siad faoi mhaoirseacht dhíreach a dTeagascóra.  Tá an siollabas deartha chun scileanna ceannaireachta cineálacha a fhorbairt a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i gcúinsí éagsúla spórt agus/nó caithimh aimsire chomh maith lena bheith ag cur le forbairt phearsanta an fhoghlaimeora.

## Clár na hOifige Ealaíon

In 2015, lean an Oifig Ealaíon ar aghaidh le cuspóirí agus le haidhmeanna tábhachtacha a chur i bhfeidhm de réir Bheartas Ealaíon Straitéiseach na Comhairle.



**Thomas Ryan RHA, ag oscailt oifigiúil *Retrospective* ag Dánlann Toradh, Cill Dhéagláin**

Na príomhghnóthachtálacha, inar áiríodh:

- An clár oiliúna agus meantóireachta FÉACH d'ealaíontóirí gairmiúla a cuireadh i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le hEalaíontóirí Amhairc na hÉireann, Ionad Scríbhneoirí na hÉireann agus an Chomhairle Ealaíon.
- An naoi dtaispeántas a reáchtáladh i nDánlann *Toradh,* Ionad Cultúrtha Chill Dhéagláin, inar áiríodh mórshaothar iardhearcach le Thomas Ryan RHA.

- An Fhéile Ealaíon Leanaí *'Menagerie Mayhem, ' An* Cháisc 2015.
- An saothar nua camchuairte *'Peter and the Wolf'* i gcomhpháirtíocht le *Musical Ireland* agus le *Pucas and Potions,* féile ealaíon leanaí, Samhain 2015.
- Féile Scannán Ealaíon an Óige, a reáchtáladh i Ráth Tó.
- Clárú agus léiriú an dráma *Halcyon Days* le Deirdre Kinahan, ag Féile Litríochta Hay, Ceannanas.
- Léiriú *'A Beautiful Life'* le Ann Meldon Hugh, mar ghné amharc-ealaíon fhéile Hay, 2015.
- Taifeadadh agus léiriú *'The Chronicles of Meath',* saothar nua Ensemble Cláirsí le Vincent Kennedy, agus Ensemble Cláirsí na Mí.
- Bainistiú leanúnach ar na tionscadail *Per Cent for Art Scheme.*
- Bainistiú, clárú agus maoiniú Fhéile Bhealtaine, ag ionaid ar fud an chontae.
- Rinneadh Clár Scríbhneoirí óga Mary Lavin/Dermot Bolger a cheapadh agus a chur i bhfeidhm i dtrí scoil i mBaile Átha Troim, san Uaimh agus i gCeanannas.
- Rinneadh riarachán, measúnú agus bainistiú ar an Scéim Bhliantúil Deontais Ealaíon, an Scéim Ealaíon Phobail, an Scéim Forbartha Ealaíon Gairmiúil, Scéim Deontais na bhFéilte, an Scéim Cheannaigh Uirlise Ceoil do Scoileanna, Duais-sparánacht Réigiúnach Ionad Guthrie Thír Eoghain, Gradam Cuimhneacháin Tony Finnegan.
- Tugadh isteach clár nua ceardlann agus cainteanna ealaíontóirí ag Dánlann Toradh.
- Cuireadh tacaíocht agus cúnamh ar fáil i bhforbairt Fhéile *TypeTrail* Cheanannais.
- Suirbhé ar líne Phlean Ealaíona an Chontae tugtha chun críche.
- Cruthaíodh comhpháirtíocht nua le Féile Scannáin Faisnéise Idirnáisiúnta Guth Gafa.
- Rinneadh an clár oiliúna gairmiúil *'Training Notes'* a chur ar fáil do cheoltóirí ar mian leo gairm bheatha a bhaint amach i gcóras cúraim sláinte i gcomhpháirtíocht le *Kids Classics,* Ospidéal na hUaimhe agus Teach Beaufort.



**An t-ealaíontóir Thomas Ryan RHA, ag cur síos ar a shaothar mar chuid dá Thaispeántas Iardhearcach ag Dánlann Toradh, 2015.**





**'Family' le Maurice Harron, atá lonnaithe i nDamhliag, agus maoinithe ag *Indaver* faoi Scéim Ealaíon Poiblí an Fhorbróra Phríobháidigh.**

# Na Seirbhísí Leabharlainne

Ba bhliain ghnóthach eile a bhí in 2015, inar tháinig ardú 18% ar líon iomlán na gcuairteanna ar sheirbhís na leabharlainne i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Na forbairtí suntasacha eile, inar áiríodh:

- Uasghrádú iomlán ar an tseirbhís phoiblí idirlín tugtha chun críche.
- Seirbhís Náisiúnta Faisnéise Gnó nua ag Leabharlann na hUaimhe, ar bhonn píolótach.
- Rinneadh an fhorbairt ar Chlár Céad Bliain 1916 na Mí a chomhordú.
- Rinneadh ceathrú Séasúr Mary Lavin a fhorbairt, a chlárú agus a óstáil i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Ealaíon agus le hIonad Ealaíon *Solstice.*
- Bhí údair idirnáisiúnta aitheanta ina bpríomhaíonna ag an bhFéile **Leabhar Leanaí** i nDeireadh Fómhair. Eagraíodh cúig imeacht déag is ceithre fichead le os cionn 5,215 leanbh ó trí cinn déag is dá fhichead scoil éagsúla a d'fhreastail ar na himeachtaí, a bhí ar an imeacht cultúrtha do leanaí ba mhó i gCo. na Mí.

- D'fhreastail os cionn 4,000 leanbh ar os cionn 300 Clár Imeachtaí Samhraidh a d'eagraigh an tseirbhís leabharlainne le linn Iúil agus Lúnasa.
- Rinneadh Campa Samhraidh Litearthachta Bliantúil a chur ar fáil ag Leabharlann Bhaile Átha Troim, mar chuid den tionscnamh Aonad Leabharlainne LGMA, agus ghlac 800 leanbh páirt sa Dhúshlán Bliantúil Léitheoireachta Samhraidh.

# Iompar agus Sábháilteacht Bóthair

Tá os cionn 3,500km líonra bóthair le bainistiú agus le cothabháil ag Comhairle Chontae na Mí. Déantar é sin a bhaint amach le comhoibriú agus cúnamh an NTA, TII agus an DTTAS, trí 4 phríomhghné ar leith, eadhon:

- Cothabháil Bhóthair, ina n-áirítear cothabháil ghnáthaimh, cothabháil gheimhridh, cóiriú dromchla agus soilsiú poiblí.
- Oibreacha Feabhsúcháin Bóthair, ina n-áirítear Feabhsúcháin Lánroghnacha, Feabhsúcháin Athchóirithe, Scéimeanna Feabhsúcháin ar leith agus scéimeanna feabhsúcháin eile.
- Trácht Bóthair, ina n-áirítear bainistiú agus sábháilteacht bóthair.
- Tionscnaimh Iompair Inbhuanaithe.

In 2015, rinneadh líon scéimeanna Feabhsúcháin Bóthair a thosú nó a thabhairt chun críche, ina gcuirfear le héifeachtúlacht agus le sábháilteacht fhoriomlán an líonra bóthair a fheabhsú.

An méid a baineadh amach, inar áiríodh:

- Clár oibreacha bóthair tuairim is €23m curtha ar fáil.
- 16 Scéim Rannpháirtíochta Pobail tugtha chun críche.

## An Scéim Náisiúnta Bóthair Tánaistigh

Rinneadh na Scéimeanna Náisiúnta Bóthair Tánaistigh a thabhairt chun críche in 2015:

- Athailíniú an N51/R164 ag an mBealach Buí

Rinneadh na Scéimeanna Náisiúnta Bóthair Tánaistigh a chur chun cinn in 2015:

- Céim 2 an N51 ag Dú Mó
- Scéim Athailínithe an N52 ó *Stephenstown* go *Fringestown*

## An Líonra Bóthair Nach Bóithre Náisiúnta

Rinneadh obair chothabhála ar na stráicí a leanas den líonra bóthair nach bóithre náisiúnta in 2015:

### Athchóiriú Bóthair

- Bóithre Réigiúnacha 21km
- Bóithre Áitiúla 64km

### Cóiriú Dromchla

- Réigiúnach – 37km. (ina n-áirítear stráicí bóthair athchóirithe)
- Áitiúil – 132km. (ina n-áirítear stráicí bóthair athchóirithe)

### Oibreacha Deisiúcháin Droichead

- Droichead Nua an R153, an Uaimh
- Droichead *Annesbrooke* an R152, Damhliag
- Droichead Ghrianóige an R125
- Droichead *Headfort* an R163
- Droichead *Kemmins Mill* an R125, Baile Mháirtín

### Na Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla

Cuireadh Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla i gcrích ag Bóthar Thigh na Síog, Ráth Moliain, Baile Órthaí, Baile Shiurdáin, Steach Maoilín agus Baile Phádraig.

## Na Scéimeanna Iompair Inbhuanaithe

Rinneadh tuairim is €2.9m a chur ar fáil in 2015, inar áiríodh:

- Leanadh ar aghaidh le dearadh Ghlasbhealach na Bóinne – Céim 2 (go leanúnach)
- Críochnaíodh Céim 1 de na hoibreacha athchóirithe ar an bPríomhshráid i gCill Dhéagláin, agus tosú agus críoch ar réimse de Chéim 2 (láimh le hacomhal Pháirc na bhFianna)
- Rinneadh dul chun cinn ar an dearadh/leagan amach/ríocht phoiblí do Mhol na mBusanna ar Bhóthar Uí Chinnéide, an Uaimh, agus ar an ródú bus agus bainistiú tráchta gaolmhar
- Cuireadh tús le Gréasán Rothaíochta a dhearadh don Uaimh

- Cuireadh tús le Gréasán Rothaíochta a dhearadh do Ráth Tó
- Cuireadh tús le Gréasán Rothaíochta a dhearadh do Dhún Búinne
- Rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar chosán ag acomhal an R150/Bóthar an Chósta ag Domhnach Cairnigh
- Oibreacha feabhsúcháin ar chosán ag acomhal Bhóithre Chnoc an Choiligh/Bhaile Mhic Gormáin agus tógadh cosán coisí leanúnach ón acomhal sin go dtí an bunscoil ar Bhóthar Chnoc an Choiligh
- Tógadh cosán ar Bhóthar Chill Dealga, Baile Átha Troim
- Leanadh leis an dearadh don Droichead Starrmhaide ar Bhóthar Bhaile an Cheantaigh

Scéimeanna eile leis an STU a dearadh/tógadh thar ceann na gCeantar Bardasach/Iompair

- 1.4km cosán siúil ag *Porch Field,* Baile Átha Troim
- Trasrian coisithe ag Cluain Ioraird
- Obair athchóirithe ar na cosáin siúil reatha in eastáit éagsúla ar fud an chontae
- Rinneadh cosán a dhearadh ón mbunscoil go dtí an halla/club leadóige ag Baile an Cheantaigh
- Rinneadh cosán a dhearadh ó Choláiste na hInse go sráidbhaile Bhaile an Bhiataigh in Inse/Baile an Bhiataigh

## Seirbhísí Eile

Leanadh leis an obair i dtaca le seirbhísí eile a chur ar fáil:

- Gnáthobair Chothabhála
- Seirbhís Chothabhála Geimhridh
- Seirbhísí Soilsithe Poiblí
- Rialú Forbartha/Comhairle Pleanála Iompair
- Cothabháil Fearas agus Innealra
- Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta Bóthair
- Cur chun cinn agus Oideachas maidir le Sábháilteacht Bóthair
- Éifeachtúlacht Fuinnimh

# Seirbhísí Timpeallachta, Dóiteáin agus Éigeandála

Tá tábhacht mhór ag baint le timpeallacht nádúrtha agus tógtha an chontae a chosaint agus a fheabhsú do chónaitheoirí agus do chuairteoirí ar Chontae na Mí.  Tá aer agus uisce glan, dúiche atá saor ó bhruscar, tránna glana agus córais bainistíochta dramhaíola inbhuanaithe ina ngnéithe bunúsacha do thimpeallacht inbhuanaithe atá ar ardchaighdeán agus do chaighdeán maireachtála ár saoránaigh a fheabhsú.

## Oideachas agus Feasacht Timpeallachta

Le linn 2015, chuir an Chomhairle maoiniú ar fáil agus rinne rannpháirtíocht Phobail i dtionscnaimh Timpeallachta éagsúla a éascú, inar áiríodh:

- Bruscar Am Lóin do Mheánscoileanna.
- Clár Bia agus Dramhaíola.
- An Fhéile Scannáin *Really Rubbish.*
- Stionsail agus Comharthaíocht do Ghrúpaí Pobail.
- An Scéim Deontais Maoinithe Fóntais agus Lomaire Faiche.
- Ardú i rannpháirtíocht na Scéime Mórtais Áite, ina n-oibríonn an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le pobail.
- Clár Oibre Áitiúil 21 – iarratais á bpróiseáil ó 53 ghrúpa/eagraíocht éagsúil.
- An scéim Caighdeán Boinn a tugadh isteach don Chumann Frithbhruscair.

## An Plean Bainistíochta Bruscair 2015-2017

Ghlac an Chomhairle leis an bPlean Bainistíochta Bruscair 2015-2017 i mí Dheireadh Fómhair.  Tá mar aidhm fhoriomlán leis an bPlean Bainistíochta Bruscair, go mbeidh Contae na Mí saor ó bhruscar le tacaíocht, comhoibriú agus rannpháirtíocht an údaráis áitiúil, gnóthaí, pobail agus daoine.

## An Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola

Rinneadh Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola do réigiún Phlean Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár-Tíre a sheoladh i mBealtaine 2015.  Déanann Plean Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir, Lár-Tíre (EMR) 2015-2021, creat a chur ar fáil chun dramhaíl a chosc agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe i 12 cheantar údaráis áitiúil.

## An tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015

Tugann an tAcht an tacaíocht reachtúil d'fhorálacha nua a bhaineann le dramhaíl teaghlaigh a bhainistiú agus le bearta forfheidhmithe nua a bhaineann le freagracht an tairgeora. Áirítear le forálacha na reachtaíochta an ceanglas éigeantach atá le comhlíonadh ag bailitheoirí dramhaíola agus ag saoráidí a ghlacann le dramhaíl teaghlaigh i dtaobh córas íocaíochta de réir an mheáchain a chur i bhfeidhm ón 1 Iúil, 2016. Rinne na Rialacháin Ghaolmhara a tugadh isteach in 2015, foráil i leith Cairteacha Custaiméara a thabhairt isteach agus deireadh a chur le húsáid málaí faoin 1 Iúil, 2016, ach amháin i gcúinsí ar leith.

## Bunú na nÚdarás Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar róil fhorfheidhmithe agus rialacháin na nÚdarás Áitiúil agus an EPA, roghnaíodh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar an tÚdarás Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola do réigiún an Oirthir agus Lár-Tíre, ina n-áirítear an Mhí agus aon cheann déag d'údaráis eile.

## Na Rialacháin Dramhaíola Bia Teaghlaigh 2013

Leanadh le cur i bhfeidhm céimnithe na nAraidí Donna faoi na Rialacháin sin in 2015. Tá an tseirbhís anois ar fáil i gCeanannas, Baile Átha Buí, Ráth Tó, Dún Seachlainn, Dún Búinne, Baile Átha Troim, An Bóthar Buí, Damhliag agus Steach Maoilín. In ullmhú i gcóir an fheidhmithe chéimnigh, glacadh ar láimh roinnt tionscnamh oideachasúil agus feasachta inar áiríodh imeachtaí ina raibh múirín le fáil saor in aisce agus a raibh an-rath orthu.

## An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012

### Clárú agus Iniúchadh na nDabhcha Séarachais

Faoi dheireadh na bliana 2015, rinneadh 18,500 córas cóireála dramhuisce teaghlaigh a chlárú do Chontae na Mí, nó tuairim is 85% den daonra ina iomláine.

Foilsíodh Plean Náisiúnta Iniúchta an EPA 2015-2017, i mí Iúil 2015, ina n-éilítear ar Chomhairle Chontae na Mí, 129 n-iniúchadh ar a laghad a dhéanamh thar thréimhse thrí bliana. Rinneadh 43 iniúchadh ina iomláine in 2015.

## Bainistíocht Ceantair Abhantraí

I mí an Mheithimh 2015, sheol an tAire Comhshaoil an dara céim den chomhairliúchán poiblí ar an dara sraith de Phleanáil Bainistíochta Abhantraí in Éirinn. Féachann an comhairliúchán seo le dearcthaí an phobail a fháil i dtaobh cúrsaí bainistíochta uisce a mheastar mar shaincheisteanna tábhachta d'Éirinn, agus nach mór a mheasúnú sna Pleananna Bainistíochta Abhantraí a ullmhófar amach anseo.

## An Treoir maidir le Tuilte

Tar éis Measúnú Riosca Tosaigh i gcás Tuilte a thabhairt chun críche chun ceantair atá i mbaol tuilte faoi láthair nó amach anseo a ainmniú, rinneadh Léarscáileanna Riosca agus Guaise Tuilte (AFA), a fhoilsiú mar chuid de Chéim 2 den chlár Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAM), le céim chomhairliúcháin a mhair tréimhse 3 mhí ag 7 láthair i gContae na Mí le linn mí an Mhárta. Cinnteoidh an t-eolas a chuirfear ar fáil gur féidir bearta maolaithe riosca a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar na forbairtí a ainmnítear a bheith i mbaol riosca a chosaint.

## Forbairtí eile a bhain leis an Timpeallacht le linn 2015

- Lean an Chomhairle lena dtóir ar shuíomhanna dumpála mídhleathacha stairiúla ar fud an chontae.
- Leanadh leis an gclár gníomhaíochta inar úsáideadh CCTV ag siocracha móra bruscair agus ag ionaid bhailiúcháin ar fud an Chontae, d'fhonn comhlíonadh leis an Acht um Thruailliú ó Bhruscar a fhorfheidhmiú.
- Rinneadh Tionscnamh Freagrachta Táirgeora Foriomlán (PRI) a fhorbairt do Bhoinn agus do Bhoinn Chaite ag Leibhéal Náisiúnta.
- Cuireadh tús le Plean Bainistíochta Trá a ullmhú d'Inse/Bhaile an Bhiataigh, inar díríodh ar cheisteanna tábhachtacha inar áiríodh bainistiú tráchta/páirceála, áiseanna leithris agus bealaí isteach chuig tránna.
- Cuireadh tús le trialacha maidir le Giolcach a chur ag Líonadh Talún *Basketstown,* chun dul i ngleic le láisteáit agus oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar bharrchaidhpeáil an láithreáin líonta.

# An tSeirbhís Dóiteáin

Glaoitear ar an tSeirbhís Dóiteáin chun freagairt ar réimse leathan eachtraí agus éigeandálaí ar fud an chontae ag aon am den oíche nó lá, agus ní mór do fhlít na seirbhíse dóiteáin, ina n-áirítear os cionn 30 feithicil, a bheith faoi réir chun freastal ar an glaonna sin. Tá líon mór foirgneamh i gCo. na Mí, (ina n-áirítear áitribh cheadúnaithe agus áitribh le riosca ard/speisialta), nach mór do na hOifigigh Dóiteáin Shinsearacha iniúchadh a dhéanamh orthu go rialta. I gcás oibreacha tógála nua ní mór Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán a bhronnadh.




**Foireann Astarraingthe RTC Sheirbhís Tarrthála agus Dóiteáin na Mí á mbronnadh le €20k de threalamh a bhuaigh siad ag Dúshlán Tarrthála *Holmatro* sa Ghearmáin, Meitheamh 2015**

## An Plean Oibríochtaí

Rinneadh Dréachtphlean Oibríochtaí Éigeandála agus Dóiteáin chun oibleagáid reachtúil Chomhairle Chontae na Mí a chomhlíonadh, mar Údarás Dóiteáin faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin, a ullmhú agus a chur i láthair ag cruinniú na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair. Cé go ndéileálann an plean go príomha le hoibríochtaí Éigeandála agus Dóiteáin, tógtar san áireamh chomh maith, an líon suntasach oibre maidir le Sábháilteacht Dóiteáin agus Cosc Dóiteáin a dhéanann an Roinn Seirbhíse Dóiteáin, chomh maith le cion an Údaráis Dóiteáin i dtaobh Éigeandálaí Móra a bhainistiú.

## Oiliúint Seirbhíse Dóiteáin

Ar feadh 2015, leanadh ar aghaidh leis an obair ar na riachtanais Oiliúna Seirbhíse Dóiteáin, inar áiríodh:

a) Modúil an chláir náisiúnta oiliúna 'Treoirlínte Caighdeánacha Oibríochta' (SOG), a cuireadh i bhfeidhm;

b) Bainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla (CISM);

c) Cúrsa oiliúna d'Oifigeach Fostáisiúin;

d) Clár oiliúna nua a reáchtáladh sa stáisiún do lucht múchta dóiteáin ar fad;

e) An Córas Bainistíochta Sábháilteachta – Beartais agus Nósanna Imeachta.

## Cosc Dóiteáin agus Sábháilteacht Dóiteáin Phobail

Le linn na Seachtaine Náisiúnta Sábháilteachta ó Dhóiteán 2015, agus ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana, d'eagraigh Seirbhís Tarrthála agus Dóiteáin na Mí, sraith gníomhaíochtaí inar cuimsíodh feachtais meáin, bualadh le grúpaí leasmhara, Laethanta Oscailte Stáisiúin Dóiteáin á n-óstáil agus cuairteanna a tugadh ar scoileanna chun an teachtaireacht sábháilteachta dóiteáin a chur chun cinn.

## Oibríochtaí Dóiteáin

Déanfar na leibhéil oiliúna reatha do chomhraiceoirí dóiteáin a choinneáil d'fhonn a chinntiú go leanfar leis an ardchaighdeán seirbhíse a chur ar fáil agus go ndéanfar riachtanais sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Tá an réimse Sláinte agus Sábháilteachta thar a bheith tábhachtach don tSeirbhís Tarrthála agus Dóiteáin, agus tabharfar tús áite in 2015, do sholáthar agus do chothabháil a dhéanamh ar Chóras Sábháilteachta a bheidh dea-bhainistithe.

# Cosaint Shibhialta

Tá os cionn dhá chéad ball deonacha gníomhacha páirteach i gCosaint Shibhialta ar fud Chontae na Mí faoi láthair. Chomh maith leis na gníomhaíochtaí oiliúna rialta a bhíonn ar siúl sna naoi n-ionad oiliúna, bhí baill dheonacha Cosanta Sibhialta páirteach in os cionn céad agus seachtó lá ar dualgas ag imeachtaí a reáchtáladh le linn 2015, ag tabhairt cúnamh do na seirbhísí éigeandála agus do na pobail áitiúla.

Rinne an eagraíocht athbhreithniú ar a gníomhaíochtaí i gContae na Mí le roinnt míonna anuas agus tá clár moltaí á gcur i bhfeidhm. Tugadh isteach modúil oiliúna nua i dtaca le measúnú Riosca agus le bainistíocht Riosca, agus le gníomhaíochtaí Oibríochta agus sábháilteacht dóiteáin, chomh maith leis na modúil sin a cuireadh i bhfeidhm anuraidh agus cuireadh leis na cláir oiliúna atá ar fáil do bhaill dheonacha.

Rinne brainse na Cosanta Sibhialta maoiniú a chur ar fáil do dhá fheithicil iompair ionadaíoch le linn 2015, ina ndearnadh uasghrádú ar acmhainn na n-eagraíochtaí áitiúla. Rinneadh na feithiclí a leithdháileadh ar aonaid Bhaile Átha Troim agus Cheanannais.



**Oiliúint Tarrthála Rópa**



**Cuardach ar Abhainn na Bóinne**

# Na Seirbhísí Uisce

Ón 1 Eanáir 2014 i leith, faoin Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013, tháinig Uisce Éireann i bhfeidhm mar an tÚdarás Náisiúnta ar Sheirbhísí Uisce na tíre.

Faoi Chomhaontú Seirbhíse le linn 2015, rinne Comhairle Chontae na Mí seirbhísí caipitiúla agus oibríochta uisce araon chomh maith le seirbhísí dramhuisce a chur ar fáil go leanúnach do chónaitheoirí, gnóthaí agus d'institiúidí i gContae na Mí thar ceann Uisce Éireann, chomh maith le seirbhísí a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt agus fás an Chontae a chur chun cinn.

## Plean Bliantúil Seirbhíse Uisce Éireann/Chomhairle Chontae na Mí (ASP) 2015

### Seirbhísí do Chustaiméirí

Rinneadh seirbhísí éifeachtacha agus freagracha a chur ar fáil maidir le gearáin ó chustaiméirí, briseadh sa tseirbhís, pleanáilte nó a mhalairt, an leibhéal seirbhíse agus sócmhainní lochtacha a dheisiú.

### An Soláthar Uisce Óil agus Monatóireacht ar Chaighdeán

Oibriúchán agus Cothabháil ar na 64 Soláthairtí Uisce Poiblí i gCo. na Mí, agus sampláil/anailís rialta ar na soláthairtí uisce óil ar fad, le hidirchaidreamh gaolmhar an HES/EPA, de réir mar a bhí gá leis chun leasa Sláinte Poiblí.

### Caomhnú agus Bainistíocht Uisce

Rinneadh caomhnú uisce a bhainistiú trí chur chuige gníomhach i leith sceitheadh a aimsiú agus an obair dheisiúcháin a rinneadh ina dhiaidh, bainistiú leanúnach ar an mbrú uisce, bainistiú ar éileamh agus obair athchóirithe ar an bpríomhphíobán soláthair.

### An Soláthar Seirbhíse Dramhuisce agus Monatóireacht ar Chaighdeán.

Oibriúchán agus Cothabháil ar na 42 scéim Dramhuisce i gCo. na Mí, agus sampláil/anailís rialta ar na scéimeanna ar fad, le hidirchaidreamh gaolmhar an EPA, de réir mar a bhí gá leis chun leasa Sláinte Poiblí agus cosaint na Timpeallachta.

### Infheistíocht Chaipitil

Rinneadh infheistíocht Uisce Éireann a chur chun cinn i dtionscadail chaipitil Bheaga agus Mhóra araon, chun leasa an Chontae, agus rinneadh na tionscadail a chur chun cinn, a bhainistiú agus a thabhairt chun críche.

## Airgeadas

Rinneadh seachadadh Seirbhísí Uisce a bhainistiú (oibríochtúla agus caipitiúla), de réir bhuiséad comhaontaithe Uisce Éireann, fad a bhíothas ag bailiú ioncam ó Sheirbhísí Uisce a sholáthar thar ceann Uisce Éireann.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Leanadh ar aghaidh le dea-bhainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta i ndáil le Seirbhísí Uisce caipitiúla agus oibríochtúla a chur ar fáil.

## An Plean Claochlaithe

Cothaíodh caidreamh le hUisce Éireann, i dtaca lena dtionscnaimh athraithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm faoina bPlean Claochlaithe 2014-2017.

## Tuairisciú

Rinneadh fógraí agus tuairisciú reachtúil agus oibriúcháin a chur ar fáil d'Uisce Éireann agus an EPA.

## An Clár Uisce Tuaithe a Chur Ar Fáil

Comhoibríodh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun Clár Uisce Tuaithe a chur ar fáil do Chontae na Mí.

## Na Deontais Tobair

- Rinneadh iarratais a phróiseáil, iniúchtaí ar shuíomhanna, sampláil agus anailís ar an uisce agus íocaíochtaí deontais a phróiseáil.
- Fuarthas 105 iarratas.
- Próiseáladh na hiarratais ar fad agus rinneadh 91 dheontas a eisiúint.

# An Plean Corparáide 2015-2019 – Cuspóirí Straitéiseacha & Straitéisí Tacaíochta

| **Cuspóir Straitéiseach** | **Sársheirbhísí a chur ar fáil** |
|---|---|
| **Straitéisí Tacaíochta** | Díreoidh Comhairle Chontae na Mí ar fholláine timpeallachta agus shóisialta mhuintir na Mí a chur chun cinn agus a chothabháil. |
| | An leibhéal sástachta a léiríonn daoine lenár seirbhísí a ardú. |
| **Cuspóir Straitéiseach** | Forbairt Gheilleagrach a Threorú |
| **Straitéisí Tacaíochta** | Beidh Comhairle Chontae na Mí ag feidhmiú mar phríomhghníomhaireacht i dtaca le geilleagar an chontae agus an réigiún máguaird a fhorbairt. |
| | Díriú ar phoist a chruthú agus a choinneáil do mhuintir na Mí, agus oibreoidh d'fhonn rathúlacht an réigiúin a ardú. |
| **Cuspóir Straitéiseach** | Comhpháirtíochtaí láidir, ag a bhfuil tionchar a thógáil |
| **Straitéisí Tacaíochta** | Déanfaidh na leibhéil cheannaireachta ar fad ar fud Chomhairle Chontae na Mí, comhpháirtíochtaí láidir, ag a bhfuil tionchar, a thógáil lena bpáirtithe leasmhara. |
| | Cáil na Comhairle a fheabhsú go bunúsach i ngach príomhréimse oibre. |
| **Cuspóir Straitéiseach** | Caidreamh a chothú leis an bpobal i gcoitinne |
| **Straitéisí Tacaíochta** | Feidhmeoidh pobail, daoine aonair agus lucht saothair na Comhairle mar fhoireann i dtaca le tionscnaimh a chur chun cinn a dhéanfaidh an méid atá tábhachtach dár saoránaigh a chur ar fáil. |
| | Beidh an fhoireann ar fáil chun éisteacht agus teagmháil a dhéanamh le saoránaigh na Mí, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil ar bhonn leanúnach. |
| **Cuspóir Straitéiseach** | Cultúr Sármhaitheasa Foirne a Cothú |
| **Straitéisí Tacaíochta** | Braithfear Comhairle Chontae na Mí mar fhostóir sa réigiún a thugann rogha don fhoireann, atá bródúil as oibriú i dtimpeallacht fhorásach. |
| | Beidh idirghníomhaíochtaí gairmiúla agus measúla le sonrú ag custaiméirí agus ag comhghleacaithe araon, i struchtúr eagraíochtúil comhtháite ina ndéanfar cothromaíocht a spreagadh. |
| **Cuspóir Straitéiseach** | Acmhainn Próiseála agus Córais a Fhorbairt |
| **Straitéis Tacaíochta** | Déanfaidh próiseas gnó inmheánach agus córais ICT Chomhairle Chontae na Mí, fáil éasca agus tapa ar fhaisnéis a cheadú, d'fhonn tacú leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara seachtracha cinntí eolacha a dhéanamh. |

# Aguisín 4 – Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí

## Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí

| | |
|---|---|
| **Costais Bhliantúla na gComhairleoirí (Taisteal & Cothabháil).** | **€230,761.46** |
| **Liúntais an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh.** | **€78,000.00** |
| **Liúntas a íocadh le Cathaoirligh na gCoistí Beartais Straitéisigh.** | **€24,000.00** |
| **Íocaíochtaí Ionadaíocha na gComhaltaí (faoi réir cánach).** | **€662,600.00** |
| **Comhdhálacha Thar Lear – Taisteal agus Cothabháil.** | **€20,956.98** |
| **Costais éagsúla.** | **€4,736.58** |

# Aguisín 7 – Cruinnithe na Comhairle - 2015

| | |
|---|---|
| Cruinnithe Míosúla | 11 |
| Cruinnithe Speisialta | 2 |
| Bliantúil | 1 |
| Réamh-Bhuiséad agus Buiséad | 2 |
| Prótacal | 11 |
| CPG | 11 |
| SPC – Comhshaol | 4 |
| SPC - Iompar | 2 |
| SPC – Tithíocht, Forbairt Phobail agus Chultúrtha | 4 |
| SPC – Pleanáil, Forbairt Gheilleagrach agus Fiontar | 5 |
| Ceantar Bardasach –<br>Chill Dhéagláin<br>Cheanannais<br>Na hInse/Bhaile an Bhiataigh<br>Na hUaimhe<br>Ráth Tó<br>Bhaile Átha Troim | <br>14<br>13<br>13<br>13<br>13<br>14 |

# Aguisín 8 – Ráiteas Bliantúil Airgeadais

Tuarascáil Bhliantúil Airgeadais Chomhairle Chontae na Mí 2015

| Caiteachas | Ioncam (€m) | Caipiteal (€m) |
|---|---|---|
| Tithíocht & Tógáil | 16.142 | 10.897 |
| Sábháilteacht & Iompar Bóthair | 29.639 | 6.328 |
| Uisce & Séarachas | 9.665 | 0.833 |
| Rialacháin & Dreasachtaí Forbartha | 8.426 | (2.499) |
| Cosaint Timpeallachta | 14.293 | 0.630 |
| Caitheanh Aimsire & Conláistí | 6.694 | 0.139 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas Sóisialach | 1.401 | 0.135 |
| Ilchineálach | 10.287 | 0.619 |
| Iomlán | 96.549 | 17.082 |
| Ioncam (féach foinsí maoinithe thíos) | 56.607 | 21.961 |
| Aistrithe Glana | | 5.677 |
| Costas Ioncaim Ghlain a bheidh maoinithe ag an gContae | (39.942) | |
| Rátaí | 33.453 | |
| Cáin Mhaoine Áitiúla | 13.475 | |
| Aistriú ó Chúlchistí | (7.765) | |
| Barrachas/(Easnamh) le haghaidh na bliana | 0.948 | 10.555 |
| Iarmhéid Tosaigh (01/01/15) | (3.841) | 33.880 |
| Iarmhéid Deiridh | (2.892) | 44.435 |

| Foinsí Maoinithe | Ioncam (€m) | Caipiteal (€m) |
|---|---|---|
| Deontais agus Fordheontais Stáit | 22.482 | 14.714 |
| Iasachtaí | | |
| Admhálacha Eile | | 7.247 |
| Cíosanna ó na Tithe | 8.742 | |
| Iasachtaí Tithíochta | 0.581 | |
| Uisce Éireann | 9.277 | |
| Táillí Pleanála | 0.980 | |
| Ioncam Páirceála | 1.576 | |
| Gníomhaíochtaí Caithimh Aimsire & Conláiste | 0.198 | |
| Táillí Dóiteáin | 0.458 | |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 1.321 | |
| NPPR | 1.459 | |
| Ilchineálach | 8.059 | |
| Iomlán | 55.133 | 21.961 |

## Liúntais agus Costais Comhaltaí le haghaidh Comhdhála (€)

| | € |
|---|---|
| Liúntas Cathaoirligh agus Cathaoirleach SPC | 101,946 |
| Aiscí Comhairleoirí | 134,000 |
| Tuarastáil/Costais Comhaltaí | 953,875 |
| Tinreamh ag Comhdhálacha Thar Lear | 20,614 |

Arna Chur Ar Fáil
Ag Comhairle Chontae na Mí
Halla an Chontae
Sráid an Bhóthair Iarainn
An Uaimh
Contae na Mí
Tel: (046) 9097000
Facs: (046) 9097001
www.meath.ie
customerservice@meathcoco.ie

comhairle chontae na mí
meath county council